

Pléaráca 2002

FOILSITHE AG PLÉARÁCA TEO AR ÓCAID NA FÉILE

€2.50



Agallamh le Éamon Ó Cuív • Coimisiún na Gaeltachta • Cuimhní an Imirceora
Clár na Féile • Grianghrafanna • Filíocht • An Lady Mhór

RAIDÍO
NA GAELTACHTA
www.rnag.ie

RnaG

92-94FM & 102.7FM

RTÉ

Nuacht, Cúrsaí Reatha, Spórt, Cláracha agus Scoth an Cheoil

Liosta Buíochais

Eagarthóir na hIrise
Peigí Ní Chonghaile

Fógraíocht
Meta Uí Mháille

Buíochas

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosáil a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Séamas Ó Cualáin, Sibéal Ní Mháille, Donncha Ó hÉallaithe, Val Ballance; do na filí Rita Kelly, Liam Prút, Máire Uí Ráinne agus do scríbhneoirí óga Chiorcal agus Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, do Bridie Murphy agus don Aire Éamon Ó Cuív as ucht agallaimh a dhéanamh. Buíochas do gach duine a thug grianghrafanna - Bridie Murphy, Oliver Macale agus Bob Quinn.

Do Chaomhán Ó Scolaí a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris. Do Europus a rinne an phrofáil. Do fhoireann Chló dóirí Lurgan agus Micheál ó Braonáin.

Sé an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Stiúrthóir na Féile
Turlough O'Connor

Coiste Oibre na Féile

Gearóid Ó Murchú
Meta Uí Mháille
Mairéad Ní Chualáin
Réamonn Ó Mainnín
Máire Uí Chonaola
Tommy Cevan Ó Níaidh
Seán Ó Maidín
Peigí Ní Chonghaile
Peadar Ó Tuathail
Linda Ní Dhroighneáin
Micheál S. Mac Donnacha
Morgan Ó Conchubhair
Patrick Ó Máille
Tá Coiste Oibre na Féile buíoch

do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht

Mairéad Ní Chonaire
Coiste Pobail Chamuis
Púca Puppets
Alastair Mac Aindriasa
Bríd Treasa ní Ghaoithín
Micheál Ó Domhnaill
Scéalaith na Scol:
Eithne Owens, Gearóidín Bhreathnach,
Seán Ó Duinnín, Vivienne Lynn.
Louis de Paor
John Spillane
Aoife Ní Thuairisg
Máirtín Tom Sheáinín
Siorcha Nic Dhonnacha, Údarás na Gaeltachta
Stiofán Ó Cúláin, Údarás na Gaeltachta
Micheál Mac Eoin, Údarás na Gaeltachta
Majella Ní Chríocháin, Údarás na Gaeltachta
Tomás Mac an Iomaire, Raidió na Gaeltachta
Máirtín Mac Donnacha, Raidió na Gaeltachta
Pádraig Ó Ráinne, TG4
Coiste Áirneán Scoil na hAirde
Séamus Ó Gábháin, Comhairleoir Contae.
Sinéad Ní Ráinne, Europus
Na Foirne Curachaí
Áras Mac Dara ar an gCeathrú Rua agus coistí Ionaíod Lae Chonamara
An Spailpín Fánach
Liam Ó Conghaile DJ,
Na daoine ar fad a thug iasacht grianghrafanna don taispeántas "Le linn den Chuach bheith ag seinm ceoil"
Leabharlann na Ceathrún Rua
Áras Uí Chadhain
Coiste na Crannóige, Ros Muc.
Patricia Ní Chonghaile
PJ agus Marcus Ó hIarnáin
Sharon Shannon
Pádraig Ó Raghallaigh
Na Moltóirí
Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu.
Buíochas speisialta do fhoireann Raidió na Gaeltachta

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 5 Campa Samhraidh
- 6 An Lady Mhór
- 13 Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta – Trumpa gan Teanga
- 16 Agallamh le Éamon Ó Cuív
- 23 Gradam an Phléaráca
- 24 Clár na Féile
- 27 Clár Oibre Phléaráca Teo.
- 28 'Le linn den Chuach bheith seinm ceoil'
- 31 Scéal Imirceora
- 38 Seosamh Ó Bradáin
- 40 Scéalaith na Scoileanna
- 41 Na Filí
- 44 Scríbhneoirí Óga
- 55 An Gréasán Pobail in aghaidh Foréigean Baile
- 56 Ceardlann an Spidéil: Fiche Bliain ag Fás
- 60 Litir ó Sydney
- 62 Áras Éanna

URRAITHE NA FÉILE

Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Áras na Scríbhneoirí, An Chomhairle Ealaíon, Guinness

Clúdach tosaigh: Heather Ní Chaisín ag Campa Samhraidh an Phléaráca. Grianghraf le Peigí Ní Chonghaile

Eagarfhocal

Tá bliain eile imithe agus Féile an Phléaráca faoi lán tseoil arís. Tá an fhéile teannta amach beagán níos faide sa mbliain againn. Ceann de na fáthanna leis seo ná le go mbeadh níos mó ama againn imeachtaí a phleanáil do na scoileanna agus go mbeadh seans acu féin socrú síos théis saoire an tSamhraidh sula dtosódh lucht an Phléaráca ag glaoch orthu ag lorg tacaíocht d'imeachtaí. Fáth eile ná go mbíodh ar choiste oibre na féile teacht le chéile go minic i mí Lúnasa nuair a bhíodh an fhéile ar bun i Meán Fómhair. Bhíodh deacrachtaí leis seo uaireanta mar go mbíodh daoine ar saoire. Tugann féile Dheireadh Fómhair níos mó ama do chuile dhuine.

Tá áthas orainn freisin go bhfuil roinnt baill nua tagtha isteach ar an gcoiste oibre i mbliana, go háirithe daoine óga, tugann sé seo misneach dúinn go leanfaidh imeachtaí ar aghaidh ar feadh roinnt blianta eile.

Tá iris na bliana seo lán de mhéireanna spéisiúla mar a bhíonn chuile bhliain - grianghrafanna, agallaimh, tuairimíocht, scéalta ó imirceoirí agus faoi imirceoirí, filíocht agus go leor eile. Tá Coimisiún na Gaeltachta tarrangithe anuas i ndá mhír, san agallamh leis an Aire, Éamon Ó Cuív agus san bpíosa le Donncha Ó hÉallaithe. Tá sé spéisiúil go bhfuil cúrsaí airgid luaite sa dá mhír i gcomhthéacs an chostais a bhaineann le pleananna a chur chun cinn.

Tá súil againn nach é scéal na



gciorraíthe a bheas le cloisteáil maidir le pé cuid de mholtaí Choimisiúin na Gaeltachta atá i gceist ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chur i bhfeidhim. Ciorraíthe an port atá ag teacht ó go leor ranna stáit ó d'fhill an rialtas ar Theach Laighean théis saoire an tSamhraidh. Tá súil go bhfeicfear cuid de na moltaí, go háirithe an méid atá i gceist ag an Aire a dhéanamh maidir leis an óige dá chur chun cinn agus buiséad curtha ina leith seo chomh luath agus is féidir.

Beidh an chuid eile den bhliain seo an-spéisiúil - leis an Tíogar Ceilteach ar a theitheadh, uachtarán Mheiriceá ag bagairt chogaidh agus Conradh Nice eile le bhótáil air anseo. Bainigí sásamh as an bhféile!

Coiste Gamoideachais Chontae na Gaillimhe IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach theas Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san Iarthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le hedaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa foirbirt foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcaíochttoinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléilíbe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 092-46483/46416 Uimhir facs: 092-46705



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362
r-phost: cic@iol.ie <http://www.cic.ie>

Saothair nua ó CIC

CATHAL COINÍN
AGUS CAIRDE
BEAGA EILE
Gearóidín
Breathnach

14 (le dlúthdhiosca)



Leabhar álainn ildaite le scéalta beaga greannmhara, oiriúnach do páistí aois 3-7. Tá dlúthdhiosca leis an leabhar ar a bhfuil an t-údar féin le cloisteáil ag léamh na scéalta.



MÁIRTÍN PHEAITS
CD 18; Cais. 10

Deich gcinn d'amhráin ó dhuine d'fhonnadóirí móra Chonamara. I measc na n-amhrán tá *Bádóirín* Thír an Fhia, An Casaideach Bán, Ceaití an Chúil Chraobhaigh agus go leor eile.

Cuir fios ar chatalóg

I mbun fíodóireachta i gCeardlann an Spidéil




Buail isteach lá ar bith den tseachtain

- Coinnle - Obair Leathair - Deileaddir adhmaid - Potadóireacht -
- Dearadh Teicstíle - Potadóireacht - Siopa Gaelach - Flodóireacht -
- Seadóireacht - Gailearaí Chonamara -
- maraon Le Bistró Jackie - bia den scoth

Ceardlann an Spidéil Fón: 09-553376 Facs: 09-553307

Scoth na scríbhneoireachta



Tá scoth na scríbhneoirí ag cruthú rogha leathan de leabhair Ghaeilge don uile léitheoir.



Ficsean, filíocht, faisnéis... tá rogha níos leithne ná riamh ann anois. Bí á léamh!



... scoth na Gaeilge

ÁIS

31 Sr. na bhFiníní,
BÁC 2, Éire.
T: +353-1-661 6522/6259
F: +353-1-661 2378

Aonad de chuid



Foras na Gaeilge

Campa Samhraidh

Seo cuid de na gasúir a d'fhreastáil ar Champaí Samhraidh Phléaráca i mí Iúil 2002




AN LADY MHÓR

RUAIDHRÍ Ó TUAIRISG

Sé Pádraig Mhicil Rua Mac Donnchadha an saor a thóg an Lady Mhór. Bhí sé ina chónaí sna Leacracha Rua i dTír an Fhia. Ba duine muinteartha é le clann Johnny Jimmy, a bhfuil An Mhaighdean Mhara acu anois. Níl muid cinnte cén bhliain ar tógadh An Lady ach tá bád cláraithe sa mbliain 1893 do Stephen O'Brien, i Sea Fishery of Ireland, eagraíocht a rinne clárú ar bháid iascaigh, i mBaile Átha Cliath agus an t-ainm 'Lady' uirthi. Bád deich dtonna, le cíle fiche ceathair troigh agus an clár-uimhir 641 atá tugtha síos di. Tá seans an-mhaith go bhfuil An Lady níos sine ná seo. Tháinig Peter O'Brien, sin- sin seanathair Mháirtín Ó Briain, úinéir An Tónaí, as Co.an Chláir mar mhianadóir go ceantar an BATTERY i Ros a' Mhíl sa gcéad leath den 19ú céad. Bhí sé ag obair ar chéibh Ros a' Mhíl níos deireannaí. Phós sé Bairbre Ní Dhonnchadha as Ros a' Mhíl. Ba mac leo Stephen atá ainmnithe thuas. 'Lady' O'Brien a tugadh ar Bhairbre, b'fhéidir mar gur phós sí stráinséar gan Gaeilge. >



"Is againne atá *right of way*"
An Lady Mhór i gCuan Chasla,
1971



(Thuas) "Tá an cupán bualte ach tá lámh ag teastáil uaimse!" – Ben agus a chuid Ladies



Bhí báid ag muintir Bhairbre i gcónaí. Fuair Peter bás sa mbliain 1872 agus seans maith gurbh é a chur An Lady Mhór dá déanamh mar nuair a bhí sí réidh bhris 'Lady' O'Brien buidéal de thús a' phota ar a graidh. Mar sin is féidir a rá gur tógadh an bád roimh 1872.

Na Ladies

Thíos faoin nGarraí Rua i gCladhnach a tógadh an Lady agus deirtear go raibh sí déanta ag Pádraig Mhicil Rua taobh istigh de thrí seachtainí. Tá an crumpán le

feiceáil ann fós agus cuid de chlaise an tsáibhéara. Thóg Pádraig go leor bád eile freisin, ina measc bhí An Mhaighdean Mhara, An Fancy, Naomh Mártan, An Venus, An Beárbar, An Package, An Bhrúinnillín agus tuilleadh. Chomh maith leis an Lady Mhór bhí An Lady Bheag, a thóg Colm Trae, agus an tSean Lady ag na Brianaigh. Tá an stáid ina mbíodh An Lady Bheag feistithe, le feiceáil fós i gCladhnach.

Bhí an Lady Bheag agus an tSean Lady ag éirí craite agus shocraigh siad bád nua



(Lár:) Mick Hunt, as Beann Éadair, úinéir an Lady Mhór 1983-1990, ar an Vervine Blossom

(Thuas ar dheis:) "Meastú an sa bpub atá mo chríú?" Ben Mac Donnchadha i mBeann Éadair

a chur dá déanamh. Tháinig drochaimsir sula raibh ábhar faighte acu agus céard a thiocfadh faoi thír in aice leo ach sail daraí. Is as seo a rinne an saor go leor den Lady Mhór. Ach bhí craiceann le dhul ansin uirthi. Tamall ina dhiaidh sin bhí An tSean Lady ag teacht as Cinn Mhara agus fuair siad sail learóige. Bhí ábhar craicinn acu ansin.

An tÁdh

Nuair a chuathas don Chúil in aice leis an nGort ag iarraidh sparaí bhí an t-ádh leo

aríst mar bhí sparaí ordaithe ag duine eile le bliain agus níor thug sé leis iad. Cosúil le báid eile bhí sé ráite go raibh 'na daoine maithe' ag breathnú ina diaidh. Chuaigh sí ar na Mulláin Bhána uair ag teacht anuas an tSruthair, síos ó Aill na Graí, le lucht móna. D'fhan sí ansin ar feadh tamaill ach go tobann thit sí. Bhí an tÁdh ar an mbád iomartha a bhí ag folamhú na móna nuair a thit sí, mar tháinig an crann anuas taobh thiar den transom uirthi. Nuair a tháinig an taoille rinneadh iarracht í a tharraingt as ach bhris an téad



(Thuas ar chlé:) Máirtín Ó Briain agus Sonny a' Ghabha Ó Braonáin as An Sruthán sa Lady Mhór, 1971

(Thíos ar chlé:) 'Rabharta Mór': An Lady Mhór i gcéibh an tSrutháin, 1971. Taobh thiar di tá An Tónaí



agus chuaigh sí ar charraig eile in aice le Carraig Phádraig Risteaird. Tráthnóna lá arna mhárach chuaigh Pádraig Pheaitsín Ó Briain agus triúr eile ag breathnú uirthi i mbád iomartha. Nuair a bhí siad ag déanamh uirthi chuala siad an tsáibhéireacht, an táirneáil agus an chorcáil. Tar éis tamaill thuig siad gur istigh sa Lady a bhí an obair ar siúl. Bhailigh leo abhaile. Lá arna mhárach tháinig siad ar ais agus thug siad as go héasca í. Roimhe seo bhí sí le taoscadh go minic ach anois níor leagadh lámh uirthi ar feadh cúig bhliana déag.

Uair eile bhí sí ag teacht as Árainn agus thit ceo an-trom a sheas trí lá. 'Sé an áit ar tháinig An Lady i dtír ná amach ó Shráid na Cathrach i gCo. an Chláir agus a criú slán sábháilte. Bhí sí féin agus An Tónaí oíche eile ceangailte i gcéibh an Chroisín agus é ina ghála. Ní raibh as an Lady ach dhá théad agus í ag ceann na céibhe. Bhí neart téadracha as An Tónaí. Tharraing An Tónaí na postaí as an gcéibh, d'imigh le gaoth agus chuir si poll i mbinn tí Phádraig Pheige Uí Dhomhnaill i nDoire an Fhéich. D'fhan An Lady san áit a raibh sí, gan cor aisti.

Ag imeacht soir

Tá sé suimiúil sna blianta a mbíodh An Lady ag tarraingt



(Thuas:) An Lady Mhór i Peele, Oileán Mhanainn

mhóna i dtús aimsire gurbh iad na mná a bhíodh dá luchtú. Bhídís ag faire na mbád ag teacht aníos an cuan agus thosaídís ag iompar na móna i gcléibh go dtí go mbíodh sí luchtaithe acu. Is minic a bhíodh orthu dul trasna ar ocht mbád in Aill na Graí. Thug na báid móin freisin as an abhainn thuas ag Lodge Chasla.

D'fhan An Lady ag na Brianaigh go dtí 1968 nuair a cheannaigh Colm Ó hUiginn as Baile Átha Cliath í ar chéad punt ó Mháire, baintreach Stiofáin Uí Bhriain. Bhí an bád an-chraite faoi seo agus bhí Michael Willy Ó Griofa agus Máirtín Tom Ó Flaithearta tamallachaí ag saoirseacht uirthi. Ní dheachaigh Colm Ó hUiginn i bhfad ó bhaile léi, isteach go hÁrainn agus mar sin, agus sa mbliain 1975 dhíol sé le Tom Kelly as Baile Locha Riach í ar thart ar

£700. Tugadh go hInis Mór í agus as sin go Bearna ach bhí sí ag déanamh go leor uisce agus tugadh siar ar leoraí í go dtí Cóilín Ó Maoilchiaráin i Muighinis le obair a dhéanamh uirthi. Chaith sí tamall maith anseo agus sa deireadh d'iarr John Healion cead ar Tom Kelly í a thabhairt ag geallta i samhradh na bliana 1983 mar bhí a bhád féin An Morning Star le deisiú. Réitigh John amach í lena chuid sparaí, seolta agus chuile shórt eile. Sheol sé í ag geallta i gCarna, ar an Dóilín agus in áiteanna eile. Maidin Luan tar éis Chinn Mhara na bliana sin bhí focla beaga ar an gcéibh idir na Healions agus na Kellys faoin Lady. Thóg John Healion a chrann, sparaí, ballasta agus seolta as An Lady le crann tógála bhád Mac Moylett, An Julia T. Tamall ina dhiaidh seo tugadh An Lady go

dtí bádchlós Tyrell san Inbhear Mór.

I mBinn Éadair

Ba é deireadh an scéil é gur cheannaigh Mick Hunt as Binn Éadair an bád ó Tom Kelly ar thimpeall £8,000 sa mbliain 1984.

Bhí an leathbhád, An St John, ag Mick le blianta roimhe sin. Dhíol sé an St John lena dheartháir, Dominick. Rinne Mick suas An Lady go breá agus chuir sé inneall inti, rud a thug deis dó dul ag taisteal go hAlbain, An Bhreatain Bheag, Conamara agus go Port an Phéire. Cheannaigh Mick nobby, Vervine Blossom, agus dhíol sé An Lady le Ben Mac Donnchadha, Árannach atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath, sa mbliain 1992 ar timpeall £20,000. Dála an scéil tá an Vervine Blossom ag James Linnane agus ag cúpla cara leis i gCinn Mhara

anois agus is breá a bhreathnaíonn sí.

Tá go leor taistil déanta ag Ben, agus a leathbhádóir Bob Darcy ó shin. Chuaigh siad go Brest na Fraince i '92, agus '96 agus go Lorient i '97. Bhí siad in Amsterdam i '95 agus ar ndóigh bhí siad go minic in Albain, ar Oileán Mhanainn agus i bPort an Phéire. Ón mbliain 1998 tá An Lady deiceáilte amach uilig agus tá sí ina cailín óg. Go mba fada buan í féin agus lucht a seolta.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na daoine ar fad a roinn a gcuid eolais go fial liom, agus a thug grianghraif dom, go háirithe, Máirtín agus Mairéad Uí Bhriain, Mick Hunt, John Healion, Ruairí Ó hUiginn, Cóilín Ó hlarnáin agus dár ndóigh úinéir An Lady Mhóir, Ben Mac Donnchadha.



Curaidh Chonnacht agus na hÉireann

Áine Ní Mhainín, Bairbre Ní Neachtain (captaen) agus Linda Ní Dhroighneáin as Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, in éineacht lena múinteoir Gaeilge, Tomás Ó Neachtain (Leas Phríomh-Oide) tar éis dóibh Craobh Chonnacht a i gComórtas Díospóireachta idir Meánscoileanna Gaeltachta eagraithe ag Muintearas a bhuachaint i mí Márta 2002. Bhain siad amach Craobh na hÉireann ina dhiaidh sin

Tuarascáil
Choimisiún na Gaeltachta

Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta — Trumpa gan Teanga

Rinne an eagraíocht **Pléaráca** stocaireacht leanúnach sna blianta 1997 go 1999 ar an **Aire Éamonn Ó Cuív**, ag iarraidh air tascfhórsa a bhunú a dhéanfadh scrúdú eolaíoch fuarchúiseach ar stáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus a thiocfadh aníos le stráitéis chuimsitheach réadúil leis an nGaeilge a shlánú sna ceantracha sin ina raibh sí fós in úsáid mar ghnáththeanga phobail. De bharr na stocaireachta sin, bhunaigh an Rialtas Coimisiún na Gaeltachta i mí Aibreán 2000, le **Peadar Mac an Iomaire** ina Chathaoirleach air. Bhí **Donncha Ó hÉallaithe** ina Chathaoirleach ar Phléaráca ag an am. San alt seo caitheann Donncha súil chriticiúil ar an tuarascáil 30 leathanach, a d'fhoilsigh **Coimisiún na Gaeltachta** i Márta 2002, tar éis dhá bhliain i mbun oibre.



Díomá

Tonn díomá a bhual mé, an mhaidin a léigh mé i bhFoinse liosta na moltaí don Rialtas a chuir **Coimisiún na Gaeltachta** le chéile. Nuair a ceapadh baill an Choimisiúin agus nuair a léigh mé na téarmaí tagartha leathana a tugadh dóibh, bhí dóchas agam, go dtiocfaí aníos le moltaí fiúntacha praiticiúla, moltaí a dhéanfadh difríocht sa nGaeilge dá gcuirfí i bhfeidhm iad. A mhalairt a tharla. Is é mo thuairim meáite, go bhfuil na moltaí thar a bheith easnamhach,

go bhfuil na moltaí ró-ghinearálta, go bhfuil na moltaí ag cur béime ar nithe nach mbaineann, ach go tánaisteach, le husáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus go bhfuil na moltaí go mór faoi thionchar na fealsúnachta seanchaite a bhí taobh thiar de Ghluaiseacht Athbheochan na Gaeilge. Is é sin gurb é an phríomhaidhm ag deireadh an lae an Ghaeilge a chur á labhairt ar fud na tíre ó Reachlainn go Cléire agus ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid, in áit díriú ar an Ghaeilge a choinneáil beo sna ceantracha éagsúla Gaeltachta.

Cén chaoi a bhfuil sé easnamhach?

Sna téarmaí tagartha, iarradh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an *mBille um Phleanáil agus Forbairt 1999* féachaint cén chaoi a b'fhéadfaí na forálacha sa mBille sin a fheidhmiú, maidir le "caomhnú teanga agus cultúir na Gaeltachta." Deirtear linn sa tuarascáil gur chuir an Coimisiún moltaí "faoi bhráid an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúla". Ach ní dheirtear linn céard iad na moltaí. Níl aon tagairt déanta i measc an 19 moladh do na riachtanais speisialta phleanála na bpobal atá ag iarraidh an Ghaeilge a choinneáil beo mar ghnáththeanga labhartha.

Níl ansin ach sampla amháin. Easpa eile a laghad atá ráite faoin gcóras bunoidreachais sa Ghaeltacht. Tá ráiteas ginearálta faoi "tús áite" a thabhairt don Ghaeilge sa chóras oideachais ag gach leibhéal sa Ghaeltacht, ráiteas a d'fhéadfadh a bheith i *manifesto* toghcháin páirtí ar bith sa Stát. I mo thuairimse tá beatha na Gaeilge sa Ghaeltacht ag brath thar aon rud eile ar bhuanú na Gaeilge mar chéad theanga labhartha i measc páistí óga na Gaeltachta ach níl aon mholtaí sonracha sa tuarascáil faoi seo, ná faoi go leor nithe tábhachtacha eile. Níl tada ar chor ar bith ráite faoi thábhacht na máithreacha sna Gaeltachtaí. Siad thar aon dream eile atá freagrach as an Ghaeilge a thabhairt ó glúin go glúin.

Moltaí Ró-Ghinearálta

Locht eile a bheadh agam ar mholtaí an Choimisiúin ná go bhfuil cuid acu i bhfad ró-ghinearálta, le go bhféadfaí gníomhú orthu. Sna téarmaí tagartha a tugadh don Choimisiún iarradh moltaí agus plean gníomhaíochtaí a chur le chéile a chlúdódh polasaí teanga "a bheadh dírithe ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge *ar fud na Gaeltachta* a chinntiú." [Is liomsa an bhéim]. Bheinn ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún scagadh fuarchúiseach ar na seirbhísí ar cheart a bheith ar fáil *trí Ghaeilge* ón Stát sa nGaeltacht. Níor dearnadh é sin. Ina áit sin, moladh "go gcuirfí seirbhísí an Stáit ar fáil go héifeachtach i nGaeilge le cur lena hinbhuanaitheacht". Is cosúla an moladh seo le rún dea-chroíoch a rithfí ag Ardfheis Chonradh na Gaeilge. Déarfadh daoine le tonn ciniciúlachta go mba bhreá an rud é dá bhféadfadh an Stát seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach i mBéarla, gan chaint ar aon teanga eile. Is é lomfínne an scéil, mar a d'admhaigh iar-Rúnaí Roinn na Gaeltachta, Tadhg Ó hÉalaithe uair, nach bhfuil foireann le Gaeilge ag

an stát le go bhféadfaí seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge. Bhí Tadhg ina bhall den Choimisiún. Ba dheacair an moladh a chur i gcrích gan an Ghaeilge a dhéanamh riachtanach arís don té a bheadh ag iarraidh post a fháil sa státchóras. Ach níl a leithéid de mholadh déanta sa tuarascáil.

Ach céard faoi mholtaí a dhéanamh maidir le seirbhísí a bheith ar fáil sa Ghaeltacht? An amhlaidh nach féidir freastal ar na pobail a usáideann Gaeilge go laethúil seachas freastal ar an Stát ar fad?

Meon na hAthbheochana

Cé gur iarradh sna téarmaí tagartha go ndéanfaí moltaí don Rialtas maidir leis an nGaeilge "a láidriú mar ghnáthurlabhra" sa Ghaeltacht, ní fheicim cén baint atá ag roinnt de na moltaí le cás na Gaeilge sa Ghaeltacht. Mar shampla:

"Go mbainfí amach stádas mar theanga oifigiúil oibre don Ghaeilge san Aontas Eorpach".

Níl a fhios agam cén difríocht a dhéanfaidh sé d'usáid na Gaeilge mar theanga oibre i monarcha de chuid an Údaráis ar an **Screabán** nó thiar i gCasla, í a bheith ina teanga oifigiúil oibre sa mBhuiséal. Tá dualgas bunreachtúil mar atá sé ar an Stát, de réir Airteagal 25.4.4 go mbeadh "tiontú oifigiúil" go Gaeilge déanta ar na Billí Rialtais go léir atá achtaithe ag an Dáil agus sínithe ag an Uachtarán. Ach deireann an Stát nach bhfuil a dhóthain aistritheoirí ar fáil le go bhféadfaidís an dualgas bunreachtúil atá orthu a chomhlíonadh. Agus tá gearáin le fada ann nach bhfuil dóthain aistritheoirí oilte ar fáil le bunthéacsleabhair scoile a chur ar fáil i nGaeilge, le hathruithe curaclaim a fheidhmiú go héifeachtach sna scoileanna atá ag iarraidh an Ghaeilge a usáid mar mheán teagaisc. Dá gcuirfí moladh Choimisiún na Gaeltachta i bhfeidhm, chiallódh sé go mbeadh laghdú ar an líon beag aistritheoirí oilte atá ar fáil faoi láthair le hobair aistriúcháin atá tábhachtach a dhéanamh, mar go mbeadh cuid mhaith acu tógtha suas ag aistriú doiciméidí nach léighfí don Bhuiséal in áit a bheith ag aistriú téacsleabhar scoile!

Tionchar na nAthbheochanóirí is cúis leis an moladh míréadúil seo faoi stádas oifigiúil oibre a bheith ag an nGaeilge san Aontas Eorpach.

Tá tionchar na nAthbheochanóirí le feiscint chomh maith ar mholadh 6 sa tuarascáil: "Go ndéanfaidh an Rialtas polasaí Stáit a bheachtú a dhearbhoideathas athréimniú na Gaeilge mar theanga náisiúnta."

Tá an moladh seo ag iarraidh ar an Stát bréaga a insint. Is fada ó bhí sé mar pholasaí ag an Stát

an Ghaeilge a athréimniú. Dá n-éireodh le Coimisiún na Gaeltachta a chur faoi ndeara don Stát a admháil *nach* é a pholasaí an Ghaeilge a athréimniú mar theanga náisiúnta bheadh rud éigin bainte amach ar son na macántachta. Ach níl ann ach cur i gcéill a bheith ag iarraidh ar an Stát seo a rá go bhfuil sé i bhfábhair na hathbheochana. Tréigeadh an idéal seo tríocha bliain ó shin, le tacaíocht an phobail agus níor chuir mórán in aghaidh an tréigin. Bheadh rud éigin fiúntach bainte amach dá bhféadfaí dearbhú a fháil ón Stát go bhfuil sé mar pholasaí usáid na Gaeilge mar gnáth-theanga labhartha a chosaint agus a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Tá faitíos orm gur baothchaint áiféiseach a bheith ag iarraidh ar an Stát ná ar phobal na tíre tacú le "athréimniú na Gaeilge".

An Bille Teanga

Tá dhá mholadh éagsúil sa tuarascáil maidir leis an mBille Teanga atá geallta le os cionn 5 bliana anois ag an **Aire Éamonn Ó Cuív** agus ag an gcomhrialtas. Deireann Moladh a hAon go ndéanfaí an Bille a achtú "láithreach" rud nach féidir a dhéanamh gan dul trí phróiseas fada Oireachtais agus iarrann moladh 10 "go ndearbhóidh Acht na dTeangacha Oifigiúla cearta an duine aonair ar sheirbhísí trí Ghaeilge". Ní fheicim locht air sin ach é seo. Tá sé le tuiscint as moladh 10 go bhfuil Coimisiún na Gaeltachta ag glacadh leis an bhfealsúnacht atá taobh thiar den bhille teanga a d'fhoilsigh an Comhrialtas roimh an toghchán, bille nach dtugann aon chearta breise don duine aonair sa Ghaeltacht atá ag iarraidh seirbhísí trí Ghaeilge seachas a bheadh ar fáil i gCeatharlach nó i mBaile Formaid. Bille ar bith a deireann go bhfuil na cearta céanna ag feirmeoir i Ros Comáin agus atá ag feirmeoir i Ros Muc, seirbhís a fháil i nGaeilge ón Roinn Talmhaíochta nó ó Theagasc, tá faitíos orm gur bille é nach gcuirfí i bhfeidhm i gceachtar den dá áit. Mura mbeidh dualgas soiléir ar eagraíochtaí stáit maidir le húsáid Ghaeilge agus iad ag déileáil le daoine i bpobal arb í an Ghaeilge teanga an phobail sin, ní bheidh mórán maitheasa sa bhille teangan don Ghaeltacht.

Ní bheinn ag súil go mbeadh Gaeilge ag chuile dhochtúir pobail ná ag chuile bhanaltra pobail sa Stát. Bheadh sin míréasúnach agus níl an pobal ag súil leis sin. Ach bheinn ag iarraidh go mbeadh Gaeilge ag banaltra nó ag dochtúir pobail a bheadh ag freastal ar phobal Gaeltachta.

An bhfuil rud ar bith maith sna moltaí. Níl

mórán i mo thuairimse mar nach bhféadfadh baill an Choimisiúin fealsúnacht na hAthbheochana a scaoileadh uathu agus iad ag déileáil leis an mbunrud a d'iarr an Rialtas orthu a dhéanamh agus b'shin "moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir leis an nGaeilge a láidriú mar ghnáthurlabhra phobal na Gaeltachta." Cén fáth go bhfuil siad ag iarraidh go mbunófaí córas don Phleanáil Teanga *ar bhonn náisiúnta* seachas ar bhonn Gaeltachta? Ní thuigim é sin. Tá acmhainní stáit an-teoranta. Cosnaíonn Pleanáil Teanga airgead. Más pleanáil teanga ar bhonn náisiúnta é, ní tharlóidh mórán seachas níos mó airgid a chur amú ar mhaithe le "cur chun cinn na Gaeilge." Siar sna seachtóidí bunaíodh Bord na Gaeilge le pleanáil teanga a dhéanamh ar bhonn náisiúnta ach is gearr gur iompaigh sé a dhroim leis an bpleanáil, le dul ag plé le dáileadh deontas. Cuimhnigh nach bhfuil mórán duine sa tír a bhfuil an scil ná an saineolas acu chun dul ag plé le pleanáil teanga. Níl, go bhfuil dom, duine ar bith fostaithe ag Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta ná ag Roinn na Gaeltachta mar shaineolaí ar phleanáil teanga.

Bheinn ag súil go mbeadh Coimisiún na Gaeltachta ag iarraidh an méid saineolais atá ar fáil a dhíriú ar riachtanais na Gaeltachta i dtosach, in áit a bheith ag caint ar phleanáil teanga "ar bhonn náisiúnta". Dá mbunófaí córas pleanála teanga don mhéid den Ghaeltacht, ina bhfuil an Ghaeilge fós á húsáid ag sciar den phobal mar ghnáththeanga cumarsáide, b'fhéidir go bhféadfaí difríocht a dhéanamh agus spriocanna a bhaint amach agus deireadh a chur le meath na Gaeilge i nDeisceart Chonamara, in Iarthar Dhuibhneach agus in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Agus níl ann ach b'fhéidir.

Seans scaoilte le sruth

Tá rud amháin maith faoin tuarascáil. Deireann sé go neamhbhalbh go dtiocfaidh deireadh leis an nGaeltacht má leanann an creimeadh leanúnach, atá ar bun ó bhun an Stáit. Faraor, níl aon stráitéis curtha chun cinn ag Coimisiún na Gaeltachta a chinnteodh go gcuirfí moill ar an meath atá ag teacht ar usáid na Gaeilge mar ghnáth-urlabhra pobail sa Ghaeltacht. Ní fiú trumpa gan teanga an chuid is mó de na moltaí atá déanta i dTuarascáil an Choimisiúin. Tá liosta eile moltaí ag teastáil. Cé a chuirfidh le chéile iad?

Ceapadh ÉAMON Ó CUÍV ina Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta tar éis an toghcháin deiridh. Chuaigh Peigí Ní Chonghaile chun cainte leis faoi nithe éagsúla atá faoina chúram anois.

P.N.C. Céard atá ag tarlú faoi mholtaí Choimisiún na Gaeltachta agus cén uair a chuirfear i bhfeidhim iad?

É Ó C. Tá coiste feidhmiúcháin á chur le chéile le comhairle a chur orm maidir le feidhmiú mholtaí an choimisiúin. Mar is eol duit, ní tuarascáil an-fhada é tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. Tá moltaí láidre déanta ach caifear tuilleadh oibre a dhéanamh, díreach ag cur feola ar na moltaí sin. Tá sé sin á thosú i láthair na huaire. Beidh cruinniú an tseachtain seo ag déanamh réamhréiteach don phróiseas seo agus ansin bunófar coiste agus de réir a chéile ansin, feidhmeofar iad agus rud ar bith ar gá a thabhairt chuig an rialtas, tabharfar chuig an rialtas é.

P.N.C. Maidir leis na moltaí sin, an mbeidh athstruchtúrú á dhéanamh ar Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta?

É Ó C. Is dóigh liom agus tá sé seo tosaithe cheana féin. Tá sé ráite go poiblí agam go gcaithfidh an tÚdarás a bheith i bhfad níos dírithe ar cheist na teanga sa nGaeltacht.

Ní maith liom an iomarca béime a chur ar athstruchtúrú mar go minic is éard a chiallaíonn daoine leis sin ná athrú teidil ar



“Tá sé ráite go poiblí agam go gcaithfidh an tÚdarás a bheith i bhfad níos dírithe ar cheist na teanga sa nGaeltacht.”

fheidhmeannaigh. Is athrú ar an treo bunúsach i dtreo a bheith i bhfad níos teanga-lárnaithe atá i gceist. Chomh maith leis sin, beidh scrúdú iomlán á dhéanamh ar na scéimeanna atá á rith ag Roinn na Gaeltachta

PNC Cén uair a fheicfear na moltaí á gcur i bhfeidhim?

É.Ó.C. Cheapfainn go bhfeicfear toradh ar seo go han-luath ar fad. Níl i gceist agam tosú ar

phróiseas fada arís. Ocht gcinn déag de mholtaí atá ann, cuid acu mar shampla, go gcuirfear an Bille Comhionannas Teanga tríd an Oireachtas agus tá sé sin idir lámha i láthair na huaire. Tá gá le feoil a chur ar chéard a bheas i gceist le cur i bhfeidhim an chuid eile acu.

PNC Maidir le teorainneacha na Gaeltachta, mhol an Coimisiún nach mór go mbeadh 50% de phobal i gceantar a bheith ag

úsáid na Gaeilge chun stádas Gaeltachta a thabhairt don cheantar sin - ach dúirt tú féin níos deireanaí gur leor 20% - nach leanfadh sé seo den chur i gcéill atá ann faoi láthair?

É.Ó.C. : Is é an cur chuige a bheadh agamsa ná seo: Dá mba rud é gur tosaíodh ag laghdú na Gaeltachta mar réiteach na faidhbe, is éard a tharlódh dar liomsa go laghdófaí imeall na Gaeltachta agus sa deireadh ní bheadh aon chroí fágtha. Mar shampla, má thógann muid ceann de na fadhbanna atá ann in Iarthar Chonamara. Is iad Cumann Peile Charna/Chaisil agus cumann Peile na bPiarsach, péire de na cumainn is Gaelaigh ann. Tá ceantar na Sraithe Salaí istigh le Cumann Charna/Chaisil, an rud céanna le ceantar an Chaisil, ceantracha imeallacha go maith Gaeltachta iad. Anois céard is fearr a dhéanamh? Féachaint leis an tSraith Salach a láidriú mar Ghaeltacht agus an rud céanna a dhéanamh leis an gCaiseal, áit a léirítear an-spéis sa nGaeilge, nó iad a chaitheamh amach agus a rá go mbeidh na cumainn peile sin ag plé le Gaeltacht agus Galltacht? Sin iad na ceisteanna praiticiúla a chaitheadh muid déileáil leo. B'fhearr liomsa mar chéad iarracht dul chuig na pobail sin agus conradh sóisialta a bheith agam leo. Is é sin go bhfanfadh siad sa nGaeltacht an fhad agus go bhfuil plean cuimsitheach á chur i bhfeidhim acu - go mór mór dírithe ar an aos óg le déanamh cinnte go mbeidh úsáid na Gaeilge á leathnú i measc an phobail.

PNC Céard a tharlóidh má théann tú chuig na ceantair laga seo le conradh sóisialta agus tar éis tréimhse áirithe blianta,

mura mbeadh feabhas tagtha ar rudaí - an mbeifí sásta a rá ansin “tá deireadh leo seo mar Ghaeltacht”?

Ó chaithfeá. Mar shampla má thógann tú pobal atá 20% agus dá mbeadh obair mhaith déanta leis an aos óg agus plean an-

“Beidh acmhainní ag teastáil le haghaidh an chineál ruda a bhfuil sé ar intinn agamsa a chur chun cinn. Caithfidh mé troid ar son na n-acmhainní sin.”

chuimsitheach leanta acu siúd agus fós mura mbeadh muid ach ag 30%, níl tú ag dul á gcaitheamh amach tar éis an méid sin oibre a dhéanamh. Go mór mór má tá tú ag caint ar Ghaeltachtaí atá beag. Táimid ag caint ar leath-pharóistí i go leor cásanna. Sin rud a chaithfear dul i ngleic leis - cé mhéid den *critical mass* a theastaíonn le go mbeidh pobal inmharthanach Gaeilge ann?

PNC Cé a tharraingeoidh na pleananna, na conarthaí sóisialta?

É.Ó.C. : Sin obair a bheas á déanamh idir an Roinn agus an tÚdarás agus ar ndóigh an coiste seo atá i gceist agam a bhunú - sin cineál mioneolas nach bhfuil i moltaí an Choimisiúin atá lom go maith ach gur léir cén treo a cheapann siad a cheart dúinn dul. Tá mise ag iarraidh anois feoil phraiticiúil a chur ar sin. Agus cosnóidh sé seo uilig airgead, bíodh muid soiléir faoi sin! Caithfidh an plean a bheith réalaíoch, caithfidh siad na cúinsí daonna a chur san áireamh. Caithfidh siad dul le córas sochtheangeolaíochta a chuirfear ar fáil agus is dóigh liom gur ar

sin a bheidh an bhéim ar fad agamsa - go mbeidh na spriocanna inbhainte amach.

PNC Céard faoi Fhóram na Gaeltachta, an mbeidh ról ag an eagraíocht seo i nglór an phobail a chur chun cinn - sin ceann de na moltaí a bhí ag an

gCoimisiún ó thaobh athstruchtúrú an Údaráis, go mbeadh glór an phobail ag na coistí éagsúla a bheadh bunaithe faoi.

É.Ó.C. : Déarfadh muintir an údaráis ó tharla go bhfuil a mbunáite tofa ag an bpobal, gurbh shin glór an phobail. Is í an eagraíocht stáit is daonlathaí sa tír í taobh amuigh den Oireachtas agus na comhairlí contae.

Ach ar ndóigh éistefar lena bhfuil le rá ag aon ghrúpa pobail. Tá mar shampla dreamanna eile ann an ar nós Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus Comhdháil Oileán na hÉireann. Tá an iliomad dreamanna pobail ann anois, iad ar fad ag obair agus éistefar leo uilig.

PNC Luaigh tú an óige agus tá sé ráite le gairid agat go bhfuil go leor ag teastáil maidir le spreagadh seirbhísí don óige - céard go díreach atá i gceist agat leis sin?

É.Ó.C. An óige taobh istigh agus taobh amuigh den scoil, an óige sula dtéann siad chuig an scoil, an óige maidir le naíolanna,

naíscoileanna, imeachtaí clubanna óige do dhéagóirí, imeachtaí spóirt.

PNC Tá siad seo uilig ann cheana.

ÉÓC: Tá siad ann anonn agus anall. Níor tugadh riamh faoi phleanáil go cuimsitheach. Déarfadh na daoine ar fad atá ag plé leis na rudaí seo nach bhfuil

é. Bille ar bith atá faoi bhráid an tSeanaid nó faoi bhráid na Dála nuair a scoirtear an Dáil nó an Seanad, is éard a tharlaíonn ná titeann siad agus tosaíonn siad ar ais arís. Tá súil agam go mbeidh plé mion air sa Seanad i gcaitheamh an Fhómhair agus ansin tiocfaidh sé go dtí an Dáil.

PNC: Beidh Acht Teanga againn mar sin le ghaidh na bliana

“Tá mé iomlán dírithe ar an bhfód a sheasamh maidir le ceist na lonnaíochta i gcúrsaí pleanála.”

a ndóthain acmhainní acu siúd le dul i mbun na hoibre ceart. Beidh acmhainní ag teastáil le haghaidh an chineál ruda a bhfuil sé ar intinn agamsa a chur chun cinn. Caithfidh mé troid ar son na n-acmhainní sin.

PNC An gciallaíonn sé seo go mbeidh níos mó oifigeach óige ag obair ar an talamh le teaghlaigh?

ÉÓC: Ní maith liom dul isteach sna mionsonraí. Mar a deirim tá mé ag bunú coiste chun comhairle a chur orm agus beidh mé féin mar bhall den choiste seo freisin. Mura sealbhaíonn daoine óg an Ghaeilge mar theanga agus mura spreagfar a gnáthúsáid taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais agus iad óg, creidim féin nach mbeidh mórán todhchaí i ndán don Ghaeltacht.

PNC Céard faoin mBille Teanga, cén uair a achtófar é?

ÉÓC: An rud a tharla leis an mBille Teanga, foilsíodh é agus cuireadh faoi bhráid an tSeanaid

nua?

ÉÓC: Bhuel, cuirfidh mé mar seo é. Ní bheidh sé aon phioc níos moille ná mar a bheadh aon bhille eile ag dul tríd. Tá leisce orm dáta críochnúil a thabhairt dó ach ní fheicim aon mhoill mhór air. Cuirfidh mé mar seo é - nuair a achtófar é, beidh meanga gáire ormsa de bharr an bhille seo a bhí *chomh marbh le dodo*.

PNC: An mbeidh gach seirbhís stáit ar fáil trí Ghaeilge ag muintir na Gaeltachta nuair a achtófar é.

ÉÓC: Braitheann sé sin ar an sainmhíniú atá ar gach seirbhís stáit. Baineann muintir na Gaeltachta sa saol atá inniu ann go leor úsáide as seirbhísí náisiúnta de chuile chineál. Dá gcuirfeá ceist ormsa “an n’aistrefa gach foirm go Gaeilge fiú cinn nach n-úsáidtear díobh ach péire i rith na bliana” is é an freagra simplí ar sin ná nach dtarlódh sé sin sa ngearrthearma. Díreofar orthu sin a bhfuil mór-úsáid laethúil á mbaint astu.

Má théann tú siar ar an gCeathrú Rua, nó siar go Ros Muc agus dá ndéanfá vox pop i measc an phobail - “cén teanga a úsáideann tú sa gComhairle Contae, sa Roinn Talmhaíochta, sa Roinn Leasa Shóisialaigh, i Roinn na Gaeltachta agus san Údarás?” Is dóigh liom go ndéarfaí leat gur Gaeilge i Roinn na Gaeltachta agus san Údarás agus gur Béarla sna trí oifig eile. Tá sé i gceist é sin a athrú agus go mbeidh sé chomh nádúrtha an Ghaeilge a úsáid leis an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Leasa Shóisialaigh agus an Chomhairle Contae agus a bheidh sé le Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta.

PNC: Ag dul ar aghaidh go dtí na freagrachtaí atá ort mar Aire Gnóthaí Tuaithe, cén réiteach a fheiceann tú ar an diúltú pleanála atá ag cur as do mhuintir na Gaeltachta agus na tuaithe go ginearálta?

ÉÓC: Bhuel tá fadhb ag baint le cúrsaí pleanála. Tá sé deacair cead pleanála a fháil ach ag deireadh an lae ceadaítear 80% nó 90% de na hiarratais.

PNC: Ach cosnaíonn sé go leor airgid ar dhaoine agus bíonn orthu a dhul thrí go leor rópaí !

ÉÓC : Tá sé sin fíor agus tá go leor dua ag baint leis. Cuid de na rialacha atá ann ... sílim féin go gcaithfidh muid breathnú ar bhealaí chun eolas faoi na rialacha seo a éascú don phobal agus go gcaithfidh i bhfad níos mó comhoibriú a bheith ann leis na hinnealltóirí agus na hailtirí le go mbeidh na hiarratais ceart an chéad uair ag dul isteach.

Maidir leis an gceist leathan - is é sin - an mbeidh cead pleanála ar chor ar bith ag pobal na Gaeltachta ina ndúiche féin? An bhfuil muid ag dul ag

scriosadh coincheap na mbailte fearainn agus ag dul ag cur chuile dhuine isteach i sráidbhailte nó i mbailte móra?

Is dóigh liom go bhfuil mo sheasamh ar an gceist seo thar a bheith soiléir, is é sin le rá gurbh é an gnáth leagan amach a bhí ar na ceantacha tuaithe in Éirinn ná go raibh bailte agus sráidbhailte i go leor pobail ach ba é an baile fearainn agus an paróiste an dá aonad ba mhó a raibh ceangal ag an bpobal leo agus feiceann muid é sin go láidir sna pobail thiar. Ní thuigim lucht pleanála nach dtuigeann go bhfuil a leithéid ann agus a bhíonn ag caint ar thithíocht aon-uair. Is teach i mBaile Fearainn atá i chuile cheann de na tithe. Tá mé iomlán dírithe ar an bhfód a sheasamh maidir le ceist na lonnaíochta i gcúrsaí pleanála agus tá idirphlé á dhéanamh sa gcomhthéacs sin maidir leis an straitéis spásúil. Dar liomsa bheadh athrú fíorbhunúsach ar leagan amach na tuaithe dá gcuirfí athrú ar an gcoincheap seo den bhaile fearainn agus an paróiste.

PNC Mar sin tá an polasaí atá agatsa contráilte leis an bpolasaí oifigiúil atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

ÉÓC: Tá Polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe leagtha síos sa bplean contae agus deireann an plean contae gur féidir le duine atá ag obair i gConamara nó a bhfuil a athair nó a mháthair ina gcónaí i gConamara nó atá ag teacht ar ais ó imirce cead pleanála a fháil i gConamara.

PNC: Ach nach bhfuil siad ag brú polasaí na gclachán - nach bhfuil baint aige sin leis na deacrachtaí atá ag daoine cead pleanála a fháil?

ÉÓC: Is í an Chomhairle an dream tofa. Réitigh na feidhmeannaigh dréachtphlean don Chomhairle agus ní raibh sé inghlactha dóibh agus chuir siad malairt plean ina áit. Is cumhacht é seo a bhaineann leis na Comhairleoirí Contae amháin. Níl aon smacht ag an mbainistíocht air. An t-aon srian atá ar na comhairleoirí ná na srianta náisiúnta a leagan an

“Tá sé tabhachtach go ndéanfaidh mise cinnte go mbeadh an fhís céanna sna treoirlínte náisiúnta agus atá go ginireálta ag pobal tuaithe na hÉireann”

Roinn Comhshaoil síos agus sin an áit go dtagann mise isteach sa scéal mar Aire Forbartha Tuaithe - mar tá an straitéis spásúil le bheith lárnach do chuile phlean contae as seo amach agus braitheann sé ar leagan amach an straitéis spásúil céard iad na treoirlínte náisiúnta a bheas ann faoina mbeidh na comhairleoirí ag feidhmiú.

Ar ndóigh tá sé tabhachtach go ndéanfaidh mise cinnte go mbeadh an fhís céanna sna treoirlínte náisiúnta agus atá go ginireálta ag pobal tuaithe na hÉireann agus sin é an áit a bhfuil mise lárnach don scéal seo mar aire forbartha tuaithe.

PNC: Maidir leis na pobail tuaithe agus an chaoi a bhfuil siad á mbánú - na daoine ag dul i dtreo na gcathracha agus na mbailte móra- nach bhfuil gá le straitéis radacach fadbhreathnaitheach seachas an clár RAPID/CLÁR atá á chur i bhfeidhim anois ?

ÉÓC: Tá straitéis fhadthéarmach ann. Má thógann muid CLÁR ar an gcéad dul síos. Thosaigh

CLÁR anuraidh mar chlár dhá bhliain agus anois tá sé ann le tréimhse an rialtais seo agus ní fheicim aon ghá nach leanfadh sé ar aghaidh an fhad agus atá gá leis.

Ba anuraidh a ghlac an rialtas don chéad uair leis, ar mholadh uaimse, go mba critéar criticiúil i gcomhthéacs na tuaithe é an titim daonra. Ba é CLÁR an chéad tionscnamh rialtais a

d’úsáid titim daonra mar shlat tomhais agus mar sin tá beartas fíor-radacach tógtha mar tá an coincheap ar fad athraithe.

PNC An bhfuil tógáil ag dul á dhéanamh ar an gCLÁR seo?

ÉÓC: Tá CLÁR dírithe ar rudaí áirithe a dhéanamh. Mar Aire Forbartha Tuaithe caithfidh mé breathnú ar scála i bhfad níos mó ar an bhfadhb. Tá plé á dhéanamh, mar shampla, ar dhílárnú rialtais. Tá plé á dhéanamh ar ról an WDC agus mar is eol duit bhí mé thar a bheith cáinteach faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair. Dúirt mé go raibh sé ró-lag agus is dóigh liom gur cuireadh ann é mar shórt sop in áit na scuaibe. Tá mé ag breathnú ar ról an Údaráis - mar sin tá go leor píosá beaga á ndéanamh anonn is anall ach tá mórfhictiúir agamsa agus bheadh súil agam tar éis tréimhse 5 bliana go bhfeicfead toradh air ach go ndéarfad tar éis tréimhse 20 bliain gur anois a leagadh síos fíor-bhunshraith forbartha na tuaithe.

PNC Faoi réimse pobail, go gairid tar éis aire a dhéanamh diot, rinne tú ráiteas ag rá go raibh go leor coistí agus eagraíochtaí sa nGaeltacht ag fáil go leor airgid agus go raibh siad ag trasnáil a chéile

ÉOC: Bhuel tá sé sin ag tarlú ar fud na tíre, ach ní amháin sin ach tá go leor áisíneachtaí stáit ag freastal ar na coistí céanna. Níl aon amhras faoi ach tá méadú an-mhór tagtha ar líon na n-eagras éagsúla atá ag obair ar an talamh agus tá sé fíorthabhachtach nach mbeadh trasnáil i gceist. D'iarr mé le gairid ar lucht na Roinne mapáí a chur ar fáil do cheantair RAPID, na CDSPanna, ceantair Pháirtíochta agus ceantair Leader. Tá siad seo ar fad ag feidhmiú in áiteanna éagsúla sa tír. Ar cheart mar shampla go mbeadh na comhlachtaí Leader agus na comhlachtaí Páirtíochta sa nGaeltacht agus faoin tuath ag feidhmiú i gceantair éagsúla?

PNC An bhfuil sé i gceist agat rud éigin a dhéanamh faoi seo?

ÉOC: Táim ag scrúdú na ceiste seo faoi láthair. Beidh sé deacair ar ndóigh aon rud mar sin athrú. Tá sé i gceist agam chomh fada agus is féidir féachaint leis an saol a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos fearr don phobal. Is é sin go mbeadh toradh níos fearr ar chaiteachas an stáit.

PNC: An gciallaíonn sé seo gurbh fhearr leatsa maoiniú a fheiceáil ag teacht díreach ó na ranna stáit gan aon áisíneachtaí a bheith i lár báire?

ÉOC: Ní chiallaíonn, tá áit ann do leithéidí Údarás na

Gaeltachta. An rud atá mé ag rá ná na *cocktails* seo d'airgead, ba cheart scrúdú a dhéanamh an bhfuil gá leo agus an saol a dhéanamh níos éasca don phobal

PNC: Tá m'eagraíocht féin Pléaráca Teo. maoinithe faoi Chlár CDSP. Bhí an rialtas deiridh chun cur le líon na dtionscnamh áitiúil a bheadh maoinithe faoi seo - an mbeifear ag dul ar aghaidh leis?

ÉOC: Tagann an CDSP faoi chúram mo chomhghleacaí Noel Ahern. Níl aon mhionphlé déanta ar an scéim sin ach is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil an rialtas seo dírithe ar go mbeidh tacaíocht iomlán ar fáil do na pobail éagsúla. Is clár é sin a bhfuil fiúntas ag baint leis ach arís tá gach seans ann go mbeidh leasuithe áirithe á ndéanamh ar leagan amach an chláir.

PNC: Maidir le Conradh Nice, cén fáth gur vótáil tú in aghaidh Chonradh Nice sa reifreann deiridh agus go bhfuil tú ag tacú leis anois?

ÉOC: Rinne mé cur síos díreach tar éis an reifrinn in alt a scríobh mé ar cén fáth ar chuir mé ina aghaidh. Bhain sé le imní a bhí orm faoi an raibh an tAontas agus muide ag dul i dtreo an mhíleatachais. Bhí imní orm maidir le cúrsaí maorlathais, maidir leis na rialacháin seo ar fad a thagann ón Eoraip nach ndéantar a ndóthain scagadh orthu. Agus b'fhéidir thar aon rud, níor mhaith liom go dtógfaí muintir na hÉireann *for granted*.

PNC: Céard atá tarlaithe ó shin?

ÉOC: Tá go leor athraithe agus sin é nádúr na polaitíochta. Sin é

an chaoi a ndéantar dul chun cinn. Dar liomsa tá go leor rudaí bainte amach ó bhí reifreann Chonradh Nice ann cheana. Ar an gcéad dul síos níl an cheist chéanna á cur don dara huair. An t-am seo tá muid ag scríobh isteach sa mbunreacht nach féidir leis an tír seo fáil gafa le cosaint comónta gan reifreann eile a bheith ann. Déileálann sé sin cuid mhaith leis an imní a bhí ann maidir le cúrsaí airm agus neodracht. An dara rud, tá socrú déanta faoi dheireadh, go ndéanfar scrúdú ag leibhéal an Oireachtais ar an reachtaíocht Eorpach atá ag dul tríd an Eoraip. An tríú rud - tá súil agam anois go dtuigtear go gcaithfidh an Eoraip a bheith i bhfad níos dírithe ar mhianta an phobail, go gcaithfidh sé a bheith i bhfad níos solúbtha agus go gcaithfear tuiscint gur don gnáthphobal an Eoraip.

PNC: An gcreideann tú go n-éireoidh leis an reifreann an iarraidh seo?

Níl tuairim dá laghad agam. Fágaim é sin faoi na tráchtairí. Ach an oiread le cluiche peile, go dtí go n-imreofar é, ní bheidh fhios agat. Ach bheadh súil agam - an t-am seo is dóigh liom go mbeadh an chuid is fearr den dá rud againn, is é sin go bhfuil an pointe déanta nach féidir leis an Eoraip glacadh leis go bhfuil a fhios acu céard a dhéanfaidh muintir na hÉireann agus anois má vótálann muid ar a shon, is dóigh liom go mbeidh cairde déanta againn in Oirthear na hEorpa.

Ar fáil
i Mí na Samhna

An Béal Beo

EAGRÁN NUA - AN TOLLAMH TOMÁS Ó MÁILLE

Má bhíonn scaitheadh maith d'aireir
thirim i ndiaidh a chéile, triomach, nó
triomach mór a thugtar air, e.g. 'shábháil
siad an mhóin ar an triomach mór.'



Ar an gcuma chéanna, nuair a deirtear
amhrán maith: nár laga Dia thú, nó mo
mhíle gairm thú, nó nár lagtar thú, nó Dia
leat. Dia go deo leat, nó nár lagtar thú, nó Dia
'croch suas é', etc. Ní dúirt aon duine 'arís'
ar ócaid den tsórt sin riamh sa nGaeltacht.

Seo eagrán nua den leabhar cáiliúil *An Béal Beo* leis an Ollamh Tomás Ó Máille.

Tá *An Béal Beo* ar cheann de na stórtha focal is tábhachtaí sa Nua-Ghaeilge, agus tá sé lán le beannachtaí, nathanna, agus focail nár chodail amuigh riamh. Tá cuid mhaith de na focail sin ina gcodladh le fada, áfach, ach seo leabhar a chuirfidh ar chumas an Ghaeilgeora líofa agus an fhoghlaimeora araon iad a chur ina mbéal beo arís, sa ghnáthchaint, sa litríocht agus sna meáin. Táimid ar fad ag brath ar a leithéid seo d'áis leis an dé a choinneáil sa Ghaeilge atá againn. Beatha teanga í a labhairt, buanú teanga í a labhairt go maith.

ISBN 1-85791-449-X

€10

Bog

Leabhair as tobar Chonamara atá ar fáil i gcónaí

An Braon Broghach (€5.72), *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (€3.18) le Máirtín Ó Cadhain
Cladaí Chonamara (€6.35, ISBN 1-85791-447-3) le Séamus Mac an Iomaire

Is féidir leabhair an Ghúim a cheannach i siopaí leabhar nó a ordú tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar (01) 478 3814
ansiopaleabhar@eircom.net

Cúpla Focal (01) 276 5120
siopa@cuplafocal.ie

An Ceathrú Póilí (028) 90 964181
acpoili@mail.portland.co.uk

AN GÚM

AN GÚM

Teil: (01) 889 2800

gum@educ.irlgov.ie

Foras na Gaeilge



Oireachtas na Gaeilge

Gaoth Dobhair, Tír Chonaill

31 Deireadh Fómhair - 3 Samhain 2002

COMÓRTAIS ARDÁIN do Dhaoine Óga agus do Dhaoine Fásta

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince ar an Sean-Nós

Agallamh Beirte

Lúibíní

Seó Ardáin

Dreas Cainte

Scoraíocht

Scéalaíocht


Amhráin Nua-Chumtha

Spriocdháta d'Iontrálacha: 17 Meán Fómhair 2002

DUAIS NUA

i gComórtas Agallamh Beirte do Dhaoine Fásta

Gach eolas ó
Oifig an Oireachtais, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: + 353 - 1 - 475 38 57 Facs: + 353 - 1 - 475 87 67
Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie



**Breandán Ó Tuairisg ag bronnadh
Gradam Phléaráca 2001 ar Mháire
Welby, Camus**

Clár na Féile

Déardaoin 3 Deireadh Fómhair

Scéalaíocht sna Scoileanna

Ceathrar scéalaí ag tabhairt cuairt ar bhunscoileanna Chonamara Theas

10 r.n. agus 1 i.n. (Dhá seó)

■ PÚCA PUPPETS

'Peg! Peig!' Seó dhátteangach an-bharúil atá léirithe ag féilte ealaíona ar fud na tíre (35 nóim)

■ RÉILTÍN AGUS JANTO

Dráma nuascríofa (20 nóim) le Alastair Mac Aindreaas agus Bríd Treasa Ní Ghaoithín. Leagan eile ar scéal Pinnocchio. Seónna do pháistí (3bl-5bl) le léiriú in Ionad Pobail Chamuis

Le tacaíocht ón gComhairle Ealaíona

2.00 **SIAMSA AN FHÓMHAIR** Ionad Lae Rosmuc.

8.30 **OSCAILT OIFIGIÚIL** le hAoife Ní Thuairisg Óst na nOileán. Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín

BRONNADH GRADAM NA FÉILE

Premiere den ghearrscannán **Ar an mBeet** agus ceol le **BRACKEN • SOME LIKE IT HOT • CEOLTÓIRÍ ÓN RÓMÁIN**



Dé hAoine 4 Deireadh Fómhair

Scéalaíocht sna Scoileanna*

Ceathrar scéalaí ag tabhairt cuairt ar bhunscoileanna Chonamara Theas

9.00 **Urlár oscailte do chumadóirí amhrán**
An Caladh Mór, An Spidéal



10 i.n. **Seó Ceoil agus Filíochta**
JOHN SPILLANE & LOUIS DE PAOR
An Caladh Mór, An Spidéal
Cead isteach: €7

10.30 i.n. **Áirneán i Scoil na hAirde**
Oíche cheoil agus sean-nóis
Urraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar

Dé Sathairn 5 Deireadh Fómhair

Maratón na gCurach ó Tigh Chonroy, Ros Muc, go dtí Béal an Daingin. Sóláistí ar fáil tar éis an mharatóin ag Teach an Daingin

4.00 i.n. **"Le linn den chuach bheith seinm cheoil"**
Taispeántas seanghrianghranna as Conamara dá sheoladh ag Séamus Ó Gabháin i Leabharlann na Ceathrún Rua.



6.00 i.n. **TRATHNÓNA FILÍOCHTA** le Rita Kelly, Liam Prút, Máire Uí Ráinne agus Scríbhneoirí Óga Chiorcail i Leabharlann na Ceathrún Rua Urraithe ag Áras na Scríbhneoirí

9.00 i.n. Corimcheoil Mhór in Óstán Charna Togha na n-amhránaithe agus na ndamhsóirí sean-nóis

Dé Domhnaigh 6 Deireadh Fómhair

11-3 i.n. **CEARDLANN SCRIBHNEOIREACHTA** faoi stiúir Rita Kelly in Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua. Táille: €20/€10

2-5 i.n. **Comórtais na nÓg** sa gCrannóg, Ros Muc Damhsa agus Amhránaíocht ar an Sean-nós Rogha uirlis ceoil; Agallamh Beirte/Scéalaíocht Curtha i láthair ag Patricia Ní Chonghaile agus Peadar Ó Tuathail Táille: €3

4.00 i.n. **SIAMSA AN FHÓMHAIR** in Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua. Fear an Tí: Joe Steve Ó Neachtain

5.00 i.n. **Seisiún Ceoil** i dTigh Mhaidhcó, Ros Muc. le PJ agus Marcus Ó hlarnáin

8.30 i.n. **SHARON SHANNON** in Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua **Ceol roimhré le PÁDRAIG Ó RAGHALLAIGH** Cead isteach: €15



Féach

www.drama-gaeilge.com

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Tulach na hÉigse,
Camus,
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574146
Facs: 091-574155
Ríomhphost: eolas@drama-gaeilge.com

Díolachán Mór Bliantúil ag tosnú ar an Satharn 16 Samhain 2002

STANDÚN
"Siopa de'n Scoth"
An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón 091-553108

Gach rath ar an bhféile
- ó Mhuintir Standún

Imeachtaí na Féile

SIAMSA AN FHÓMHAIR

Ar bun i rith na seachtaine ins na hIonaid Lae ar fud Chonamara, ceoltóirí ag teacht chuig Áras Mhic Dara; Ionad Lae Ros Muc; Seanscoil Sail-earna; Áras an Chroí RóNaofa, An Spidéal; Ionad Lae Cheantar na nOileán; Ionad Lae Ghlinisce.

"Le linn den Chuach bheith seinm cheoil"


Taispeántas de 50 ghrianghraf ó thus an chéid seo caite go dtí deireadh na 1960idí. Bailíodh iad ar fud Chonamara agus seo an chéad uair don bhailiúchán a bheith ar taispeántas poiblí. Léirítear gnáthshaoil na ndaoine, a bhfeisteachas éadaí agus ar ndóigh, an imirce. Seolfaidh Séamus Ó Gabhain an taispeántas i Leabharlann na Ceathrún Ruaigh ag 4 i.n. ar an Satharn 5 Deireadh Fómhair.

CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA -

Beidh Rita Kelly a bhfuil cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag a cuid saothar, i mbun ceardlann scríbhneoireachta in Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua ar an Domhnach 6 Deireadh Fómhair. Beidh an ceardlann ar bun ón 11.00- 3.00 le briseadh i gcomhar lóin. Ní thógfar níos mó ná 20 ainm don cheardlann. Táille: €20/€10 (faoi 18bl.) Glaoigh ar Phléaráca Teo le clárú: 091-574021/574346

SCÉALAÍOCHT SNA SCOILEANNA

Beidh ceathrar scéalaí ag tabhairt cuairt ar na bunscoileanna i gConamara ar an 3/4 Deireadh



AN CHÓIR AIREAGAIL NÁISIÚNTA

Ar chuireadh ó Phléaráca, beidh an Chóir Aireagail Náisiúnta ag canadh i Séipéal na Deastógála, Camus ar an Máirt 8 Deireadh Fómhair ag 8.00. Is cuid dá gcamchuiard náisiúnta é seo agus sé an téama a bheidh leis an oíche ná Amhráin agus An Nádúr. Beidh ceol ann le cuid de na cumadóirí is cáiliúla ar an domhan thar na mblianta. Sé Celso Antunes a bheas ag stiúradh agus Fergal Caulfield a bheas ar an bpianó. Ticéid: €6/€3. Tuilleadh eolais: 091-574346.

Fómhair. Sin iad Gearóidín Bhreathnach as Dún na nGall, Seán Ó Duinnín as Cúil Aodha, Eithne Owens as Baile Átha Cliath faoi choimirce Leabharlann Chester Beatty agus Vivienne Lynn agus Deirdre Power ó ArdMhúsaem na hÉireann.

Caisleán an Bharraigh. Tá sárchleachtadh acu seo uile a bheith ag scéalaíocht do dhaoine óga agus ní bheidh deacracht ar bith acu gasúir Chonamara a mhealladh lena gcuid scéalta eachtraíochta, sí, fiannaíochta agus eile.

Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.

Coill Sáile
Cill Chiaráin
Conamara
Co.na Gaillimhe
Fón: 095-33489
087-2267511

Táirgeadh oisrí agus muiríní d'óstáin, bialanna agus tithe ósta.

*Gach eolas ó James Harrington,
Bainisteoir*

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Gách dea ghuí don Phléaráca

Gach cineál Clódoireacht ar ard chaighdeán agus ag an bpraghas is fear

Fón: 091-593251 / 593157

Faics: 091-593159

PLÉARÁCA TEO.

Clár Oibre 2002 - 2003

I 1997 cheadaigh an Roinn Gnóthaí Soisialacha, Pobail agus Teaghlaigh maoiniú trí bliana faoi an Clár Forbartha Pobail (CDP), do Phléaráca Teo., An Scéim Ealaíon Pobail. Is fiú €100,000 sa mbliain an conradh, clúdaíonn sé barr chostais oifige agus pá lán aimsireach do bheirt oibrí. Siad seo na himeachtaí a reachtáilfear:

Ceardlanna

- Sráith Ceardlanna 10 seachtainí
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Ealaín/Péintéireacht
- Patchwork agus Cuilteáil
- Taipéis/Bróidnéireacht
- Fíodóireacht
- Damhsa ar an sean-nós
- Comhlúadar Léitheoireachta
- Pótadóireacht

Ceardlanna Deireadh Seachtaine

- Déanamh Cuirtíní
- Caoladóireacht
- Cócaireacht

Ceardlanna Lae

- Maisiú Bláthanna tirime
- Ghrianghrafadóireacht

Turais Eolais Ealaíona agus Ceardaíochta — Nasc Ban

Taispeántais Ealaíona agus Ceardaíochta

Aonach Ceardaíochta na Nollag Ábhar ó na Ceardlanna — Cuilteanna agus earraí láimhe, earraí cníotáilte, Cártaí Nollag, cácaí Nollag, Plandaí, Coinnle, Leabhra, píosaí pótadóireachta. Is seans é seo do dhaoine a bhíonn ag déanamh obair láimhe ag baile a gcuid earraí a dhíol.

Séirbhís Eolais agus Ceardlanna do Fhir.

Cruinnithe Eolais, Ceardlanna agus Imeachtaí do fhir sa bpobal. Cúnamh le Mapaí agus foirmeacha Bólachta agus Talamhaíochta, Ceardlanna Caoladóireacht, Scileanna Físeán, Turais Eolais agus imeachtaí Sóisialta, Séirbhís Rúnaíochta agus Faics. Ba mhaith linn closteáil ó fheirmeóirí ar mhaith leo cuairt a thabhairt ar fheirmeacha oscailte ar fhéilte agus comórtais talamaíochta.

Bheadh muid in ann a leithéid a eagrú agus séirbhís mionbhus a chuir ar fáil ar chostas réasúnach.

Clár Ealaíona don Óige — ag obair le Bunscoileanna, Iarbunscoileanna Drámaíocht, Ealaín, Ceol, Damhsa ar an Sean-nós, Damhsa Comhaimseartha, Ciorcal Scríbhneoirí Óga.

Campa Samhraidh do pháistí ó 6bl. go dtí 15 bl.-Ealaíon, potadóireacht, físeán, spóirt, seoltóireacht, déanamh curach canbháis.

Cyber Café - Ionad Fiontair Ros Muc

Cheadaigh an tAire Fiontair Poiblí Mary Ó Rourke deontas faoi an scéim CAIT (Community Application of Information Technology) do Phléaráca le séirbhís Cybercafé a bhunú agus le traenáil a chuir ar fáil don phobal leis an tseirbhís idirlíon a úsáid. Rinne Pléaráca an t-iaratas i gcomhar le VTOS i Ros Muc. Is é VTOS a chuireann an traenáil ar fáil.

Oideachas Aosach:

An bhfuil scríobh agus léamh agat? (Tá a lán nach bhfuil agus tá cabhair le fáil is cuma cén aois tú.) Déanfaidh muid socrú dhuil le scríobh agus léamh a mhúineadh do dhaoine fásta a bhfuil an deacracht seo acu. Tá an tseirbhís seo rúnda agus is feidir eolas a fháil ó Mheta Uí Mháille ag 091-574346 nó bualadh isteach chuici in oifig an Phléaráca, san Ionad Fiontair, Ros Muc.

Oícheanta Seanchais

Eolas agus plé ar stáir na mbád agus ar na saortha bád, seanchas agus béaloideas. Cuirtear taisteal ar fáil do na seanóirí agus do dhaoine gan córas taistil.

Séirbhísí eile atá ar fáil don Phobal agus do Choistí Deonacha

Trealamh Físe/Fuaimne ar léas ar chostas réasúnach
Séirbhísí Oifige, Rúnaíochta, CV, Fótócoipeála, Facs

Séirbhís mionbhus do ocaidí speisialta.

Imeachtaí Ealaíon don Aosach:

Ceardlanna potadóireachta, Péintéireachta. Oícheanta Airneáin/ seanchais Turais chuig an Taibhdhearc, Taispeántais agus imeachtaí éagsúla eile.

Caoladóireacht:

Ceardlann caoladóireachta le Joe Hogan, Ionad Pobail Chill Chiaráin 16-17 Samhain.

Club Taistil Shóisialta

Cuireann Pléaráca coras taistil ar fáil ar an Aoine go dtí an siopa Tigh Mháille i Ros Muc. Tugtar ainmneacha éagsúla sa bpobal ar an tseirbhís seomhar shampla "minibus na seandaoine". Níl an dearcadh seo ceart mar tá an tseirbhís ann do gach duine, is cuma cén aois nó stádas. Má theastaíonn bealach taistil uait go dtí an siopa nó go dtí Oifig an Phoist, níl ort ach a bheith roimh an mionbhus agus é a stopadh.

Déanfar leathnú ar an tseirbhís go Gleann Chatha ag tósú ar an Aoine 18 Deireadh Fómhair. Fágann an mionbhus Ionad Fiontair Ros Muc maidin Dé hAoine ag a 9.30rn agus freastalaíonn sé ar na bailte seo leanas:

Ar Maidin:	Turloch Beag	9.35rn
	Siléar	9.40rn
	Cladach Ó Dheas	9.50rn
	Ros Céide	10.00rn
	Aill Bhúí	10.10rn
	Cill Bhriocáin	10.15rn
Tar éis an lóin:	Gleann Chatha	1.30in
	Gort Mór	1.40in
	Doire Iorrais	2.00in
	Inbhear	2.15in
	Clocha Leachta	2.30in

Táille Ballraíochta an chluib €2.50

Seoltóireacht

Cúrsaí seoltóireachta i gcomhar le Cumann Húicéirí na Gaillimhe

Reachtáil Féile Phléaráca Chonamara 2002

Geamaireacht an Phléaráca 2002-2003

'Le linn den chuach bheith seinm cheoil'

Reachtáilfear taispeántas de 50 ghrianghrafí ó thus an chéid seo caite go dtí deireadh na 1960idí mar chuid de théile na bliana seo. Bailíodh na pictiúir ar fud Chonamara agus seo an chéad uair don bhailiúchán a bheith ar thaispeántas poiblí. Léirítear gnáthshaol na ndaoine, a bhfeisteas éadaí agus ar ndóigh, an imirce. (Féach clár na nimeachtaí)



Tigh Chadhain

Cill Chiaráin © 095-33409

Siopa Grósaera & Beár

Ceol gach deireadh seachtaine

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169
Faics: 091595154

Tigh Pheadair mhóir

damrach bán, bante na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

TIGH RORY

LEITIR MÓIR
8.30am – 8pm

SIOPA GÁS, GUAL, BLUGAS
BEATHA BEITHÍOCH SRL

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

COMHARCHUMANN CCCT Teo CONAMARA THAR TEORANTA

Carna 32587; Cill Chiaráin 095-33436; Ros Muc 091-574966

FORBAIRT POBAIL • SIOPA AN FHEILIMÉRA • SIOPA AN PHOBAIL

Óstán Chuan Charna

Fón: 095-32255
Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA

GACH CINEÁL COÍSIR

MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360

Seanmhianach Luaidhe agus
Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad



SCÉAL IMIRCEORA:

Brid Uí Mhurchú ag caint le Meta Uí Mháille

Imirce, uaigneas, grá, agus scarann an bás na daoine



Bridie agus Pat Murphy ar lá a bpósta

“**R**ugadh i Snámh Bó mé. Iníon le Pat Phaddy Hynes agus le Mary Kelly. Ba as Eanach Mheáin mo mháthair ó dhúchas. Bhí ocht-ar clainne acu agus bhí mise ar an tríú duine ba shine.

Chuaigh an duine is sine agus an duine is óige Mary agus Jane go Sasana. Tá siad ina gcónaí i Londain agus pósta ag beirt dearthár. Tá Peter i gCambridge, Stephen sa mBreatain Bheag agus fuair Paddy an deartháir ba shine bás i dtimpiste i Londain i 1966. Tá Nóra ina cónaí ar an gCaiseal agus tá Annie agus mé féin i mBoston.

Nuair a bhí mise ag éirí suas, chomh luath agus a bhí tú in ann do bheatha a shaothrú d'ímigh tú le áit a thabhairt ag an mbord don dream ab óige, agus le airgead a shaothrú le cur abhaile lena dtógáil. Bhí an saol crua sna tríochaidí agus sna ceathrachaidí agus b'imirce an bóthar a bhí i ndán do chuile dhuine.

Chuaigh mo dheirfiúr Mary ag obair go Tuaim tar éis di an scoil a

fhágáil. Bhí sí ansin ar feadh cúpla bliain sular shocraigh sí dul go Sasana. Bhíodh pas ag teastáil an t-am sin le dul go Sasana. Nuair a bhí síse réidh le n-imeacht scríobh bean an tí ina raibh sí ag obair ann chuig mo mháthair agus cuireadh mise go Tuaim ina háit. Chuaigh mé isteach go Gaillimh in éineacht le mo mháthair ar an mbus ón mbeairic i Ros Muc. Bhí an lá ag báisteach, ba é sin an dara huair domsa a bheith i nGaillimh. Casadh bean as Tuaim orainn a raibh aithne aici ar Mary agus thug sí léi ar an mbus mé agus thug sí go dtí teach Mhuintir O'Reilly mé a raibh mé le dul ag obair ann. B'shin é 1946 agus bhí mé seacht mbliana déag d'aois. Ba lucht gnó a bhí i muintir O'Reilly. Bhí teach ósta agus siopa grósaera acu ach ní

raibh aon chlann acu. Bhí ormsa obair an tí ar fad a dhéanamh agus dinnéar, bricfeasta agus tae a réiteach dóibh féin agus don fhoireann mhór a bhí ag obair sa ngnó. Bhíodh orm a bheith i mo shuí roimh a hocht ar maidin agus na staighrí agus na hurláir a sciúradh. Bhí neart den obair sin le déanamh, óna hocht go dtí na hocht tráthnóna, seacht lá na seachtaine ach go mbíodh cúpla uair saor Dé Domhnaigh agam nó go mbíodh sé in am tae.

Ní raibh focal Béarla agam nuair a d'fhág mé an baile ach amháin *yes* agus *no* agus ní raibh a fhios agam cén áit lena gcur ná a úsáid. Bhíodh orm dul go dtí an buistéir ag ceannach feola agus gan fios agam cén cineál ach ag síneadh mo mhéire chuig píosa éigin. Bhí mé in ann Béarla a thuiscint ach ní raibh mé in ann í a labhairt. Bhí mé ar nós balbhán. Bhí bean an tí go maith dom agus fuair mé traenáil mhaith uaithi go mór mór ó thaobh

cócaireachta de, rud a sheas go maith dom blianta níos deireanaí. Ach bhí uaigneas orm agus d'airigh mé i bhfad uaim an baile. Ní mba aon sólas mo leaba féin a bheith agam in áit a bheith ag roinnt le mo dheirfiúracha. Is iomaí oíche gur ag caoineadh a thit mé i mo chodhladh. Bhíodh seachtain saoire sa mbliain agam agus bhí sé sin iontach mar ba é an t-aon uair é i rith na bliana a raibh mé in ann dul abhaile. Ní bhíodh luach an bhealaigh agam ná an t-am saor.

Deich scillinge sa tseachtain an pá a bhí mé a fháil agus bhíodh trí pingine bainte as sin le haghaidh stampa, ach bhí mé ag ceapadh go raibh mé saibhir. Chuile darna seachtain chuirfinn nóta deich scilleacha abhaile ag mo mhuintir agus an tseachtain nach mbíodh na deich scilleacha agam chuirfeadh mé tae, siúcra agus builín abhaile agus píosa tobac chuig m'athair. Bhí tae agus tobac an-ghann sna blianta sin.

In Earrach na bliana 1949 fuair m'athair bás. Bhí sé caoga hocht bliain d'aois. Le linn dom a bheith sa mbaile ar an tsochraid tháinig páipéir ó m'aint as Meiriceá le haghaidh Mary, mo dheirfiúr a bhí i Sasana. Bhí ochtar deirfiúr ag m'athair agus an chuid is mó acu i Meiriceá. Scríobh mo mháthair chucu ag iarraidh paisinéireacht do Mary a bhí ag iarraidh dul go Boston ach nuair a tháinig na páipéir bhí a hintinn athraithe ag Mary. Fiafraíodh domsa an mbeadh aon suim agam dul anonn. Thosaigh mé ag réiteach. Bhí foirmeacha le líonadh is le cur chun bealaigh agus ansin bhí orm fanacht leis an gcéad scéala eile. D'íoc m'aint i mBoston an phaisinéireacht — ticéad as Baile Átha Cliath go Boston. Tháinig mé abhaile as Tuaim ansin agus ar ndóigh bhí rudaí eile le fáil agus le déanamh sula bhféadfaí imeacht.

Chuaigh mé go Baile Átha Cliath ar an traen, an chéad uair riamh dom ar thraen agus an chéad uair riamh i mBaile Átha Cliath freisin. Bhí cairde le mo mháthair, muintir Bhúrca as Gleann Chatha ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Scríobh mo mháthair chucu agus bhí duine acu Paddy romham ag an stáisiún. Thug sé go dtí teach a dheirféar mé áit ar chaith mé cúpla oíche agus thug iníon léi go dtí Ambasáid Mheiriceá mé nó an consul mar a thugtaí air.

Ag an gconsul, bhí agallamh le déanamh agus fiafraíodh díom an raibh mé ag iarraidh é a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge. Bhí mé ag ceapadh go m'fhearr an seans a bheadh agam ach é a thriail i mBéarla, ach chuir sé iontas orm go raibh rogha agam mar bhí androchmheas ar an nGaeilge ag an am. Bhí m'intinn déanta suas agam mura n-éireodh liom ag an gconsul nach raibh mé ag dul abhaile ach go gcoinneodh mé ag imeacht agus go dtabharfainn m'aghaidh ar Shasana. Bhí an bád bán ag dul anonn agus bhí mise le bheith uirthi. Istigh ag an agallamh tugadh cárta dom. Dúirt siad liom é a léamh agus nuair a bheadh sé sin déanta agam míniú a thabhairt dóibh ar a raibh scríofa ann. Is cosúil go raibh siad sásta mar cuireadh ar aghaidh mé go dtí an dochtúir, áit a raibh ort stripeáil, dul faoi scrúdú dochtúra agus ar tógadh x-ray. Is cosúil gurb é an galar eitinne nó TB a mbíodh siad ag faire amach dó agus mura raibh aon rian de ort bhí tú réitithe mar ba é sin an chuid deireanach den phróiseas. Tugadh dom an x-ray i gclúdach mór donn agus dúradh liom gan é a lúbadh. B'shin é Dé Luain agus chuir mé teileagram abhaile chuig mo mháthair le n-insint di go raibh mé pasáilte agus go raibh mé ag tabhairt m'aghaidh ar an gcéad chuid eile den aistear an oíche sin.

Chuaigh mé as sin amach ar bhus go Dún Laoghaire leis an


mbád a fháil go Holyhead. Ní raibh mise ach ag leanúint an dreama eile a bhí ag an gconsul mar ní raibh fhios agam cá raibh Dún Laoghaire.

Bhí an oíche go dona agus bhí mé tinn ar an mbád ar feadh an achair. B'shin é an chéad uair a chuala mé an t-amhrán *The Hills of Glenn Swilly* agus b'fachtas dom gurb é an t-amhrán ba deise é a chuala mé riamh ach chuir sé an-uaigneas orm. Nuair a shroich muid Holyhead fuair mé amach ar chaoi éigin cá raibh an traen go Euston. Bhí ainm an stáisiúin seo cloiste minic go maith agam ó dhaoine a bhíodh i Sasana.

Sular fhág mé Baile Átha Cliath mhol muintir Bhúrca dom dul isteach chuig *agency* a dhéanfadh socrú go gcasfadh duine éigin liom i Euston a chuirfeadh ar an traen ceart mé go Southampton agus a chuirfeadh lóistín in áirithe dom ansin freisin. Rinne mé sin ach nuair a shroich mé Euston ní raibh aon duine ann romham agus leis an scéal chaill mé an traen. Ní cuimhin liom anois cén chaoi a bhfuair mé amach go raibh traen ag imeacht as Waterloo. Fuair mé tacsáí go Waterloo agus d'éirigh liom traen a fháil as sin go Southampton ach chuir sé sin poll maith sa gcúpla punt a bhí agam.

Nuair mé amach an t-óstán a raibh mé leis an oíche a chaitheamh ann ach duirt siad liom go raibh siad lán. Thug siad cárta dom le seoladh teach lóistín eile agus dúirt siad liom na málaí a fhágáil acu féin. Tar éis tamaill ag cuardach agus ag cur tuairisce d'éirigh liom an teach a fháil amach. Bhí mé trom tuirseach. Rinne bean an tí rud éigin le n-ithe dom agus thit mé i mo chodladh sa gcathaoir. Nuair a dhúisigh mé chuaigh mé amach ag siúl, síos go bhfeicfinn an bád. Ansin chuaigh mé isteach i séipéal a chonaic mé ar an mbealach le cúpla paidir a rá sa tír mhallaithe protastúnach a raibh

"Tar éis seachtain a chaitheamh ar an bhfarraige shroich muid Nua Eabhrac agus is mise a raibh an t-áthas orm an Statue of Liberty a fheiceáil mar ba ghearr go mbeinn ar thalamh tirim. . . ."



mé inti. Sin é an scéal a bhíodh ag na sagairt sa mbaile ar aon nós, go gcoinneodh Dia sabháilte mé agus bhí mé ag brath go mór ar Dhia anois. D'fhill mé ar an teach agus bhí tine bhreá guail thíos. Fuair mé tae agus thaispeáin bean an tí mo sheomra dom agus agus bhí an-áthas orm leaba a fheiceáil. Bhí mé thar a bheith tuirseach mar níl ligfeadh faitíos dom titim i mo chodladh ar an mbád ná ar an traen.

Ar maidin lá arna mháireach dúisíodh mé. Duine éigin a bhí ag bualadh ar an doras. Bhí mé scanraithe agus cé nach raibh ann ach cailín le cupán tae ní raibh mé ag iarraidh an doras a oscailt. Ag bricfeasta casadh fear orm a bhí ag dul ar an mbád freisin. Tá mé ceapadh gur Sasanach a bhí ann a bhí ag filleadh ar ais tar éis cuairt abhaile. Thug sé sin misneach dom agus chuaigh muid chomh fada leis an mbád le chéile.

Ba é sin an 29 Samhain 1949, agus is ar an Mauritania a chuaigh mé as Southampton go Nua

Eabhrac. Bhí suas le 600 paisinéir ar bord. Bád breá agus bhí trí ghrád difrúil uirthi. Bhí an chéad grád, ar ndóigh, do lucht an airgid. Bhí mise sa dara grád mar go raibh sé mar chuid den phaisinéireacht a d'íoc m'aint. Bhí mé ag roinnt cábáin le bean as Meicsiceo, bean nach raibh mórán Béarla aici féin. Bhí an aimsir thar a bheith go dona agus chaith mé an chéad trí lá tinn. Ní raibh mé in ann an leaba a fhágáil le tinneas na farraige. Bhí mo chompánach ag iarraidh orm neart deochanna a ól ach ní raibh mé in ann tada a choinneáil istigh. Bhí sí thar a bheith go maith dom ach bhí mé cinnte nach mbainfeadh mé Nua Eabhrac amach beo. Tar éis an chéad trí lá tháinig beagán feabhais ar an aimsir agus bhí mé sa deireadh in ann an cábán a fhágáil. Bhí go leor Éireannach sa tríú grád. Ní raibh aon difríocht idir é seo agus an dara grád ach amháin go raibh níos mo daoine ag roinnt cábáin sa tríú grád. Is leo is mó a chaith mise an chuid eile den turas mar bhí neart ceoil, amhrán, spraoi, againn ach ag an am céanna bhí

uaigneas agus briseadh croí orainn. Ba é an scéal céanna ag gach duine againn é. Éireannaigh ag tabhairt a n-aghaidh ar shaol na bhfuíoll mar a cheap muid é, i dtír a raibh gach deis ar fáil inti agus saibhreas thar cuimse le déanamh.

Dá bhféadfaí dul de réir an bháid seo, ba chosúil go raibh saibhreas mór san áit a raibh muid ag dul. Bhí chuile áis ar an mbád ba chuma cén grád a raibh tú ann - pictiúrlanna, bialanna agus togha an bhia. Bia nár chleacht an chuid is mó againn ach ba bheag de a bhí cuid againn in ann a ithe. Tar éis seachtain a chaitheamh ar an bhfarraige shroich muid Nua Eabhrac agus is mise a raibh an t-áthas orm an *Statue of Liberty* a fheiceáil mar ba ghearr go mbeinn ar thalamh tirim. Bhí m'aint le bheith romham agus ba mhór an faoiseamh dom é seo. Ní bheinn liom féin níos mó. Ach ar dtús bhí orainn dul tríd *immigration* ar an mbád féin agus ansin trí chustaim. Bhí go leor rudaí curtha anonn liom ag daoine. Taephotaí agus soithigh is mó. Bronntanais dá ngaolta. Bhí



taephota amháin agam, is cuimhin liom, a dúradh liom a thabhairt dá leithéid seo de dhuine dhá mbeinn ag dul thar California agus ní raibh fhíos agamsa nach mbeinn.

Bhí mé ag súil go mór le castáil le m'aint agus bhí mé ag breathnú ar gach éadan ar an gcéibh go bhfeicfinn an n-aithneoinn as m'athair í mar ní fhaca mise riamh í ná fiú pictiúr di agus ní raibh aon áit faoi leith le castáil le daoine. Nuair a bhí mé ag siúl suas ag toraíocht mo chuid málaí tháinig an bhean seo anall chugam agus d'fhiafraigh sí díom an mé Bridie Hynes. Dúirt mé gur mé - "Is mise do cholceathrar" a dúirt sí - "Mary Whelan, tá d'aint (agus ba í aint sise freisin í) ag fanacht linn taobh amuigh. Tháinig mise isteach ag seiceáil na lipéad ar

na málaí a bhí faoin litir H go bhfeicfinn an raibh tú cinnte ar an mbád". Chuaigh muid amach agus chas mé le m'aint don chéad uair agus chuaigh muid as sin go *Grand Central Station* agus bhí tae agus greim le n-ithe againn ann sula ndeachaidh muid ar an traein go Boston. Fuair mé ar aghaidh go maith le mo cholceathrar. Is dócha go raibh sí níos gaire in aois dom ach bhí mé cúthalach agus bhí beagán faitís orm roimh m'aint.

Nuair a shroich muid Boston chuaigh m'aint abhaile go South Boston agus thug Mary Whelan mise abhaile go dtí a máthair, go 20 Saxon Street, Dorchester, an áit ar chónaigh siad.

Bhí mé an-sona ansin. Tháinig mo ghaolta ar fad ar cuairt i rith na míosa a chaith mé leo agus thug Pat Mellett as Camus a bhí posta ag

m'aint amach mé go minic agus isteach go lár na cathrach ag taispeáint chuile áit dom agus mise ag imeacht agus mo bhéal oscailte agam ag déanamh iontais do chuile rud.

Tar éis míosa fuair mé obair le clann Giúdach a raibh beirt ghasúr acu agus chaith mé trí bliana ansin. Bhí an obair crua - ag sciúradh ar do ghlúine agus bhí na huaireanta fada. Dá mbeadh cuairteoirí acu i gcomhair béile bheadh ort fanacht nó go mbeadh glanta suas agat ina ndiaidh is cuma cén t-am den oíche é agus ní raibh aon chleachtadh agam ach oiread a bheith ag obair le gasúir. Bhí an pá go maith. 25 dollar sa tseachtain agus leath lae Déardaoin - *Biddy's day out* - mar a thugtaí air agus Dé Domhnaigh. Nuair a théinn amach ar mo leath lae saor, bhíodh orm a bheith istigh ag 12.00 agus bhíodh orm cead a



fháil dul amach ar aon nós. Is dócha gurb í m'aint a rinne an socrú seo mar go raibh sí freagrach as mé a thabhairt anonn. Bhí cuid mhaith hallaí damhsa i Roxbury a mbíodh damhsaí gaelacha ar siúl iontu - *An Winslow Hall* - *An Hibernian* agus an *Enta Colonial Hall*. Is anseo a chasadh muid le chéile agus a mbíodh an *time* againn. Trathnóna Dé Domhnaigh is iomaí píosa breá damhsa a rinne muid thíos ar *Carson Beach* agus ar an trá i *gCastle Island*. Bhíodh duine éigin i gcónaí ann le mileoidean chun cúpla port a chasadh.

Bhíodh ceol gaelach ar an raidió agus is iomaí deoir mhór a shil mé le huaigheas i ndiaidh an bhaile. Ba rudaí mar sin a thugadh siar ar bhóithrí na smaointe tú. Bhínn i gcónaí ag fanacht le litir ón mbaile. Ní hé an obair chrúa ná na huaireanta fada a chuir as dom. Ba chuma céard a bhíodh ar siúl agat ní raibh tú in ann an baile a chur as d'intinn. Aimsir na Nollag nuair a bhínn i mo shuí ag béile breá bhínn ag smaoineamh ar meas tú céard a bhí ag mo mhuintir sa mbaile. Ar nós chuile dhuine eile chuireadh mé *parcels* abhaile - éadach agus rudaí a cheap mé a bhí ag teastáil agus airgead chomh minic agus a d'fhéadainn. As an bpá a bhí mé a fháil bhí mé ag íoc costas na paisinéireachta 400 dollar ar ais le

m'aint, oiread áirithe do réir na míosa agus bhí mé ag iarraidh mo dhóthain a shábháil le cuairt a thabhairt abhaile ar mo mháthair faoi cheann cúpla bliain. Caithfidh mé a rá nach mórán do Bhoston a chonaic mise i rith na trí bliana sin.

Ar an 2 Meitheamh agus an choróin dá chur ar bhanríon Shasana agus ócáid mhór á dhéanamh dó i Meiriceá, thug mé cuairt abhaile. Isteach go Cóbh a tháinig an bád. Bhí an aimsir go maith agus ní raibh mé tinn an iarraidh seo.

Le linn mo chuid ama i dTuaim chuir mé aithne ar fhear óg ansin agus bhíodh muid ag scríobh ag a chéile seasta. Ní raibh mé i bhfad sa mbaile gur chas muid le chéile aríst agus bhí sé ag iarraidh go bpósfadh muid. Bhí súil agam go meallfainn go Meiriceá é mar ní raibh aon rún agamsa fanacht sa mbaile. Bhí seisean ag obair ar na busanna i nGaillimh agus bhí a mháthair ag iarraidh air fanacht sa mbaile. Níor oibrigh rudaí amach agus bhris muid suas ar feadh tamaill ach sular fhág mise le dul ar ais go Boston, bhí muid ar ais le chéile aríst agus chuaigh sé féin agus mo dheartháir Paddy go Cóbh liom an lá a raibh mé ag imeacht agus shocraigh muid go leanfadh seisean anonn níos deireanaí. Nuair a chuaigh mé ar ais d'iarr mé

ar m'aint an mbeadh sí sásta é a *sponseráil* mar ní bheinnse in ann. Chaithfeadh tú a bheith i do shaoránach sa tír, teach a bheith agat agus a bheith sásta a bheith freagrach ó thaobh oibre agus lóistín agus airgid ar feadh dhá bhliain don té a thabharfá amach. Ní raibh aon aithne ag m'aint ar an bhfear seo agus ní raibh siad toilteannach dul sa tseans. Idir an dá linn bhí mé ag scríobh ag Pat ach ní raibh mé ag fáil aon litir ar ais. Cheap mé ansin nuair nach raibh mé in ann paisinéireacht a réiteach dó go raibh deireadh leis an gcleamhnas eadrainn. Fuair mé amach níos deireanaí go raibh seisean ag ceapadh an rud céanna nuair nach raibh sé ag fáil aon litir uaimse. Níor theastaigh óna mháthair go n-imeodh sé agus las sí na litreacha.

Idir an dá linn bhí seisean ag féachaint le bealaí eile a aimsiú le dul go Meiriceá. Chonaic sé fógra sa bpáipéar ag cuardach daoine a mbeadh spéis acu obair i gCeanada. Ghlaoigh sé orthu agus dúirt siad go seolfadh siad na foirmeacha chuige. Nuair nár tháinig siad i gceann coicíse, scríobh sé aríst ach diabhal foirm. Sa deireadh ghlaoigh sé ar an oifig agus dúradh leis gur seoladh na foirmeacha chuige. Fuair a mháthair iad agus rinne sí an rud céanna leo a rinne sí le mo chuid litreacha - las sí iad. D'iarr sé ansin na foirmeacha a sheoladh chuig seoladh difriúil. Fuair sé iad, líon sé isteach iad agus tairigeadh conradh dó. Dhíol sé an carr agus chuaigh sé go Ceanada agus ar ndóigh bhí croí a mháthar briste. Scríobh sé chugam sular fhág sé. Bhí sé ag dul ar an mbád go New York agus as sin go Toronto ar bhus. Chuaigh mé go New York le castáil leis agus chuaigh mé chomh fada le Buffalo ar an mbus leis agus fuair mé bus as sin go Boston.

Bhí an bus deireanach ag sroichint Bhoston ar maidin Dé Luain agus bhí mé mall ag mo chuid oibre. Dúradh liom go raibh an jab caillte agam i Gellets. Ba chuma liom ach thaitin an obair liom agus ba comhlacht iad a d'foc go maith agus a raibh go leor Éireannach ag obair ann.

Chuig áit bheag iargúlta i bhfad amach as Toronto, Barry, a bhí ar an mbaile, a cuireadh Pat. Níor thaitin sé leis ar chor ar bith agus aistríodh go Toronto é. Conradh naoi mí a bhí i gceist agus bhí súil aige ansin go mbeadh sé in-ann dul isteach go Meiriceá ach bheadh air 500 dollar a íoc agus tairiscint oibre a bheith aige. Ar aon nós idir an bheirt againn bhailigh muid an chúig chéad dollar agus fuair mé litir ón mbainisteoir sa mhonarcha feola ina raibh mé ag obair *Colonial Meat Packing* go mbeadh obair aige do Phat. Sin é an chaoi a bhfuair go leor daoine isteach go Meiriceá sna blianta sin. Chuaigh mise go Toronto agus tháinig mé féin agus Pat go Boston Luan Cásca, Aibreán 1956. Bhí arasán agam féin agus ag mo dheirfiúr Annie i Dorchester agus in éineacht linn bhí beirt chailíní as ceantar Chuan an Fhóid Dhuibh i Maigh Eo, Mary agus Kathleen Murphy agus Treasa Ní Loideáin as an gCeathrú Rua. D'fhan sé san arasán seachtain nó mar sin linn nó go bhfuair sé áit dhá chuid féin ach bhí faitíos an domhain orainn go gcloisfeadh m'ainteanna go raibh sé sa teach linn mar ní bheadh glacadh ar bith lena leithéid acu ná ag aon duine ag an am.

Phós muid ar an 14 Meán Fómhair 1957 i Seipéal St Thomas

Aquinas i Jamaica Plain. Is é mo chol ceathrar Tom Neachtain as Béal an Daingin a thug chuig an altóir mé. Is í mo dheirfiúr Annie agus Connie Lenehan (fear a bhí ag obair le Pat i Toronto, bhí sé ag iarraidh teacht isteach go Meiriceá agus chuir muid an 500 dollar suas dó) as Ceann Tuirc i gCorcaigh a sheas linn. Bhí an bhainis i halla i Milton. Bliain ina dhiadh sin nuair a rugadh Anna Marie cheannaigh muid teach i Dorchester - 84 Maxwell St. Fuair muid cúnamh leis sin. Bhí muid sa teach sin ocht mbliana agus i rith na tréimhse sin bhí beirt ghasúir eile againn PJ agus Pádraig. Fuair athair Phat bás i dTuaim i 1967 agus tháinig litir óna mháthair ag rá go gcaithfeadh muid a theacht abhaile le cúnamh a thabhairt di leis an ngnó. Bhí siopa grósaera acu. Chuir muid an teach ar an margadh. Dhíol muid é agus tháinig muid abhaile. Níor oibrigh rudaí amach i dTuaim dúinn - theastaigh Pat ach níor theastaigh mise. Tháinig muid ar ais go Snámh Bó. Réitigh muid teach mo mhuintire ansin agus chaith muid sé bliana déag ansin. Is ann a rugadh an mac is óige, Noel. An t-aon fhostaíocht a bhí sa gceantar ag an am sin ná na Coláistí Gaeilge. Chaith mé na blianta sin ag plé le gaeilgeoirí i rith an t-samhraidh. Bhí na gasúir ag freastal ar Scoil Náisiúnta an Turlaigh Bhig agus ar Ghairscoil na bPiarsach ina dhiaidh sin. Chuaigh Anna Marie go Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua agus na leids go dtí Scoil Pobail Mhic Dara i gCarna. Ní mórán feabhais a bhí ag teacht ar chúrsaí fostaíochta sa gceantar. Gach máthair a chastaí leat san áit bhí siad ag caoineadh a gclann a

bhí imithe ar imirce. Bhí a fhios agam gur gearr go mba é an scéal céanna agam féin é agus dúirt mé nach mbeinn mar sin. Thug mé turas go Boston. Ní raibh aon rún agam fanacht thall ag an am sin. Fuair mé i dteagmháil leis an gcomhlacht a raibh mé ag obair leo sular tháinig muid abhaile agus fuair mé obair ann. Dúirt siad liom go mbeadh obair acu do Phat freisin má bhí muid ag caint ar a theacht ar ais go Boston. B'shin é 1979. Chuaigh mise anonn sa Márta agus cuid den chlann amach i mí Lúnasa agus tháinig Pat agus Pádraig i mí Deireadh Fómhair.

Nuair a bhí muid tamall thall cheannaigh muid teach trí arasán i Jamaica Plain. Bhí muid ansin cúpla bliain sular dhíol muid é agus bhog muid go West Roxbury go dtí an teach a bhfuil muid ann ó shin.

Chríochnaigh na gasúir ach amháin Anna Marie scoil i mBoston. Chuaigh

Pádraig san arm agus PJ san aerfhórsa. Ní raibh sláinte Phat go maith le roinnt blianta anuas. Thagadh muid abhaile go Snámh Bó gach bliain leis an samhraidh a chaith-eamh ann. Ar an turas abhaile i mbliana fuair Pat an-tinn agus chaith sé trí mhí san Ionad Dianchúraim in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh. Fuair sé bás ar an 7 Lúnasa agus tá sé curtha ina áit dhúchais, Tuaim Dhá Ghualainn, san áit ar theastaigh uaidh a bheith curtha. Beidh mise ag dul ar ais go Boston an mhí seo chugainn. Is beag a cheap mé ag teacht abhaile dúinn gur i m'aonar é.

an Caladh mór

Ceol, Ól,
bia agus CRAIC

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-553058



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM
NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Cúrsaí Gaeilge:

Daoine fásta, Mic Léinn Tríú Leibhéal, Eachtrannaigh,
Cúrsaí Deireadh Seachtaine, Sainchúrsaí do
Chomhlachtaí

Ranganna Oíche Gaeilge do Dhaoine Fásta
Ranganna Oíche Ríomhaireachta trí Ghaeilge
(ECDL)

Seirbhís Rúnaíochta trí Ghaeilge don phobal

Bróisiúr agus gach eolas:

Áras Mháirtín Uí Chadhain,

An Cheathrú Rua,

Co. na Gaillimhe.

Fón: 091/595101

Facs: 091/595041

ríomhphost: caitriona.uichualain@nuigalway.ie



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann


Oifig Eolais: Aer Árann
Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-593034 & 593054

Óst na nOileán — TIGH LEE —

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPleardca



RAPIRE TEORANTA

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593211
Facs: 593078



CUMANN HÚICÉIRÍ NA GAILLIMHE

Cathaoirleach: Séamus Breathnach
Rúnaí: Pádraig de Bháldraithe
Cisteoir: Ruaidhrí Ó Tuairisg
Oifigeach Caidreamh Poiblí: Cóilín Ó hIarnáin

Is iomaí sin báireoir fiúnt-ach a tharraing gnaoi is gean ar Ghaillimh ón lá stairiúil úd -1 Aibreán 1888 - ar threoraigh Séamus Ó Laigheanáin fir an Iarthair I gcoinne Thiobraid Árann I mBiorra sa chéad chluiche ceannais iománaíochta do Chraobh 1887.

Go ceanúil céimiúil i measc na ngaiscíoch iomána sin tá Seosamh Ó Bradáin (Joe Salmon), saothraí mór lár páirce ar feadh breis is naoi mbliana déag (1946-1965).

Stílí go smior a bhí i Seosamh a bhréagadh chuige an sliotar go ceadúil cliste éasca amhail is dá mba slaitín draíochta a chamán. B'ait uaidh an sliotar a ghreadadh go néata neamhearraideach ar an talamh nó san aer, agus ba é a bhí oilte ar phoc sleasa a thógáil go cruinn díreach agus an sliotar a sheoladh go hálainn thar an dtrasnán. Taobh amuigh ar fad dá chumas iománaíochta dhéanfadh sé maitheas do dhuine breathnú air ag teacht ar pháirc na himeartha agus é cóirithe go hinnealta i gconaí. Ach thar gach rud eile ba é croí na huaisle é de shíor mar níor bhain sé úsáid riamh as claonbhearta nó camchleasaíocht leis an láimh in uachtar a fháil ar a chéile comhraic.

Nuair a bhí Seosamh ag freastal ar Choláiste Naomh Seosamh I mBéal Átha na Sluaighe chruthaigh sé thar cionn ag imirt peil Gaelaí agus Rugbaí agus mar lúthchleasaí ach i ndeireadh na dála chloígh sé níos díograí leis an iománaíocht.

Bhí sé ar fhoireann mionúir a chontae ó 1946 go dtí 1949 agus gach a raibh i láthair i mBiorra ag cluiche leathcheannais na hÉireann i 1947 nuair a bhris na Gaillimhigh ar mhionúir Bhleá Cliath, curaidh na hÉireann ag an am, ní fhéadfaidís gan taitneamh a thabhairt dá imirt stuama ealaíonta.

Agus bíodh gur éirigh le foireann Thiobraid Árann sa bhabhta ceannais, thug an t-ógánach lúfar ligithe ó Dhún an Uchta údar cainte agus tuar dóchais do mhuintir an Iarthair.

I Lúnasa 1949 taréis dó gaisce a dhéanamh leis na mionúir in éadan Chill Chainngih i gcluiche leathcheannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh, cuireadh Seosamh chun fóirithinte ar na sinsir in aghaidh Laoise sa chluiche leathcheannais eile.



SEOSAMH Ó BRADÁIN

Báireoir a mairfidh a chuimhne

Uaidh sin amach bhí sé go seasta ar an taobh sinsir go 1965 agus ina theannta sin roghnaíodh é go féilteúil ar fhoireann Chonnacht i gComórtas an Bhóthair Iarainn.

Bhí sé ina chúl toraic ag Coláiste Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, nuair a d'ardaigh said leo Corn Mhic Ghiobúin i 1949 agus chuidigh sé le foireann na nOllscoileanna ó 1952 go dtí 1955 agus le foireann na hÉireann ó 1957 go 1960.

I 1952 i gcomhluadar ri-iománaithe mar Liam Ó Dufaigh (Billy Duffy), Tomás Ó Ceallaigh is Fiontán Ó Spealáin, stiúraigh sé foireann sóisir Dhún an Uchta chun bua i gCraobhchomórtas na Gaillimhe.

Ar dhul go Corcaigh dó i 1958 d'fháiltigh Fánaithe an ghleanna roimhe agus bhí sé rannpháirteach i mórphuanna an chlub cháiliúil sin sna blianta 1958, '59, '60, '62, agus '64. Go deimhin, murach a chuid stuaimhe in aghaidh

Oilibhéir Uí Longardáil i 1962 ní móide go n-éireodh leis na Fánaithe na haenna a thabhairt slán leo.

Ní dhearna an Bradánach dhá leath dá dhícheall riamh agus é ag imirt le Gaillimh agus i gcúiteamh a dhúthrachta bhuaigh sé Corn Thomáis Ághais trí huair (1950, '52, '58) agus chuaigh sé ar thuras go Stáit Aontaithe Mheiriceá i 1951 nuair a ghnóthaigh na Gaillimhigh an Sraithchomórtas Náisiúnta.

Bhí sé de smál ar Sheosamh agus ar a chomhbháireoirí gur loic said trí bliana (1953, '55 agus '58) i gcluichí ceannais na hÉireann. Ach beidh cuimhne go héag ar an taispeántas oilte a thug sé i gcoinne Thiobraid Árann i 1958 - mar cé go raibh sruth agus gaoth leis na Muimhnigh, níor staon fear Dhún an Uchta gur séideadh an fheadóig scoir.

Ar an drochuair níor éirigh le Seosamh Ó Bradáin craobh na hÉireann a bhuachan dá chontae dúchais, ach murar éirigh féin, ní shéanfar a mhaitheas cois Coirbe choíche agus beidh sé go síoraí mar eiseamláir agus mar spreagadh do ógánaigh na Gaillimhe.

Ar an 23 Iúil 1991 a shéalaigh an t-anam as Seosamh Ó Bradáin, go ndéana Dia trócaire air.

Nuair a bhí a chorp á iompar chun na cille chas píobaire aonair fonn an amhráin "The Woods of Gort na Móna" a chum Percy French i ndilchuimhne a ghrá ghil a saolaíodh is a bhásaigh i nGort na Móna. Bhí go leor san ollslua lá na sochraide nár thuig cén bhaint a bhí ag an bhfonn brónach sin leis an iománaí gearúil gnaíúil. Ach tharla gur thug Seosamh cuairt gan choinne ar mo theach i mBaile Nua an Chaisil i gCo Longfoirt i Meán Fómhair na bliana 1972 agus d'inis sé dhom gur i nGort na Móna a mhair a shean-mháthair agus gur séideadh an díon tuí dá teach Oíche na Gaoithe Móire (5 Eanáir 1839). Is dóigh gurbh é sin an fáth ar chas an píobaire an fonn brónach úd.

Séamus Ó Cualáin

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Tigh Mhóráin

Carna 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

Scéalaithe sna Scoileanna



Seán Ó Duinnín

Is as Cúil Aodha, Co Chorcaí é Seán. Insíonn sé scéalta fiannaíochta, scéalta grinn agus scéalta níos tromchúisigh. Déanann sé seisiún ó uair go dtí uair go leath i chuile scoil. Tá cáil air le haghaidh píosa ceoil a chasadh chomh maith.



Gearóidín Bhreathnach

Is as Ard Mhín, Co Dhún na nGall í Gearóidín Bhreathnach. Insíonn sí meascán de scéalta grinn agus scéalta sí agus iad dírithe ar an aoisghrúpa a bhíonn ag éisteacht léi. Beidh leabhar scéalta do pháistí le Gearóidín dá fhoilsiú ag an Oireachtas -



'Cathal Coinín agus Cairde Beaga eile'

Bíonn sí ag ceol, ag scéalaíocht agus ag drámaíocht agus bhuaigh sí Corn Uí Riada i 1996.

Eithne Owens

Is faoi choimirce Leabharlann an Chester Beatty a bheidh Eithne ag teacht

chuig Pléaráca. Rugadh i mBAC í agus tógadh leis an dátheangachas í. "An Ród Síoda" an téama a leanfas a cuid scéalaíochta agus é dírithe ar na bailiúcháin ó oirthear an domhain atá sa Chester Beatty. Uair an chloig a mhaireann seisiún léi.

Vivienne Lynn agus Deirdre Power

Ard Mhúsaem na hÉireann, Caisleán an Bharraigh

Cuirfidh an bheirt seo ceardlann aon uair an chloig ar fáil bunaithe ar an gceardaíocht a bhaineann le féilte traidisúnta na bliana agus ag úsáid ábhar ó bhailiúchán an Mhúsaem.



RITA KELLY

Nóta Beathaisnéise

Is file agus scríbhneoir sa dá theanga í Rita Kelly. Rugadh í nGaillimh í i 1953 agus tógadh í ar Achréidh na Gaillimhe, ar dtús cóngrach do Bhaile Locha Riach, agus ansin cóngrach do Bhéal Átha na Slua. Tá baint aici le Conamara le fada mar go raibh a haintín pósta i Leitir Mucú. Chaith sí seal le muintir Chavasse i dTeach an Rossa freisin, áit a chuir sí a thuilleadh suime i dteangacha.

Bhí sí pósta leis an scríbhneoir Eoghan Ó Tuairisc (1919-1982).

Tá sí ag scríobh leis le 30 bliain anuas agus duaiseanna áirithe bainte amach aici, an chéad cheann i 1976 ó John B. Keane i Lios Tuathail, agus tá duais An Riordánaigh aici chomh maith ón Oireachtas. Chaith sí seal mar Scríbhneoir Cónaitheach i gCo Laoise agus i gCo an Chabháin. Tá sí ag obair mar Oifigeach Ealaíona i gCo Uíbh Fháilí.

Siad a cuid foilseacháin:

Dialann sa Díseart (le Eoghan Ó Tuairisc), Coiscéim, 1981
An Bealach Eadóigh, Coiscéim, 1984
The Whispering Arch & Other Stories, Arlen House, 1986
Fare Well-Beir Beannacht, Attic Press, 1990
Travelling West, Arlen House, 2000
Kelly reads Bewick, Arlen House, 2001

Beidh trathnóna na bhFilí i Leabharlann na Ceathrún Rua ar an Satharn 5 Deireadh Fómhair ag 6.00 – é urraithe ag Áras na Scríbhneoirí

Seo píosa as dán Rita Kelly Conamara foilsithe sa gcnuasach *Travelling West* (Arlen House 2000)

Conamara

íseal-ghlór mo mháthar í ag tiomáint abhaile ó Chonamara, mise taobh léi, ag léamh an bhóthair léi, sólás éigin i mboladh a cumhra, ionadh orm riamh go raibh sí in ann tiomáint, go raibh sí in ann tiomáint leis na high-heels – mé ag clopernáil suas síos an seomra sna high-heels céanna i ngan fhios di. Maróidh mé thusa, dá bhfaighinn tú i mo good high-heels. Na soilsí ag gearradh a mbealach dúinn, romhainn amach, an bóthar ardaithe beagán ón duibheagán ar an dá thaobh. Dá dtitfimis i gclogar an taobhbhóthair bheimis inár gcnar maraithe ag briseadh na maidine. Ach bhí rud éigin i n-íseal-ghlór mo mháthar, daingean is diongbháilte. Go dtéimid slán, mar a ndeachaigh sí féin slán, uair amháin, i gcurrach amuigh lena cara ag iarraidh teacht ar Leitir Mealláin chun go gcuirfeadh a cara fúithi sa scoil, an fharraige ag casadh is ag coipeadh i racht scéine is sceimhle. An currach ag casadh ar nós chochaillín...d'inis mo mháthar an scéal dom. Bhí faitíos mo mháthar fite sa scéal. Bhí faoiseamh mo mháthar fuaite sa scéal freisin. Dul sa tseans. Dul i mbaol agus i mbéal an tsaol nuair is gá.

www.foinse.ie

Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

FÓGRAÍ PLEANÁLA

Tá ar chumas Foinse glacadh le ceadúnais phleanála
Tuilleadh eolais: 091-595520

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

SOCOS

teo

Troscán & Soláirtí Oifige

Cartaí Bainise

AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN



MÁIRE UÍ RÁINNE Nóta Beathaisnéise

Is as an Trá Bháin, Leitir Móir Máire Uí Ráinne agus tá sí ina príomhoide sa mbunscoil ansin. Tá sí pósta agus triúr clainne uirthi. Tá sí ag cumadh filíochta ó bhí sí sa meánscoil. Bhuaigh sí an chéad áit sa chéad chomórtas amhránaíochta a reachtáladh in onóir Pheait na Máistreasa i 1984.

Bród

Tá an mhuc ghainimh ag uallfairs le brón is le huaigneas,
Tá olagón uafáis i mbéal na trá,
Ó leagadh an stua-fhear, i mbláth a óige
Faoina fóda glasa ansiúd faoin gcrann.

Mo bhrón thú a Pheadair, a óigfhir chróga
Tá do cháil anois i bhfad is i ngearr,
I measc do mhuintire is ar fud Chríoch Fódhla
Is ón Timor Thoir go dtí an Trá Bháin.

Mar shaighdiúir calma ar son ceart na córa,
Thug tú aghaidh ar thubaiste is ar fhód do bháis,
Ach mairfidh cuimhne do mheanga mín deas,
Do cháilíocht ghnaíúil, is do chuid bealaí breá.

Bhí brait ar foluain, ó lár crainnte,
In omós Pheadair, an saighdiúir tláth,
Bhí mórtas cine, is mórtas gaoil ann
Is bhí bród thar mhórtas sa Trá Bháin.

Is tú bród do mhuintire, 'is an dream dár díobh tú
Is tú bród an bhaile a raibh tú ann
Is tú bród na náisiún, is bród ár dtíre
Is bród thar bhród - sin bród go brách.

— Máire Uí Ráinne

Tiomnaithe i gcuimhne ar Pheadar Ó Flatharta, saighdiúir in arm na hÉireann, a bhásaigh agus é ar dualgas leis na Náisiúin Aontaithe sa Timor Thoir ar an 15 Aibreán 2002

Muintearas

An Togra Oideachais Gaeltachta

Óige

Bunscoláíocht

Luath Fhorbairt
an Linbh

Scéimeanna Pobail



Cláracha do Mná

Nua
Theicneolaíocht
Cumarsáide

Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 - 551145/551300 Fais: 091 - 551277/551323
Físchomhdháil: 091 - 519530/519531
Ríomhphost: muint.ias@eircom.net / muintearas@iol.ie
Leathanach Baile: www.muintearas.com

Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

Casla

091-572456/572169
Mobile: 087-2525088

Seirbhís Aisghabhála 24 uair a chloig
Trealamh lascaireachta
Páirteanna athlámha do charranna



Liam Prút

Nóta Beathaisnéise

B'aistritheoir sinsearach i dTithe an Oireachtais é Liam Prút agus saothraí dícheallach mar fhile, scéalaí, aistritheoir agus criticeoir.

Is é *Gealadhram* an seachtú cnuasach filíochta leis. Foilsíodh a chéad chnuasach *Fíon as Seithí Óir* i 1972 agus tá dánta leis ar na hirisí liteartha ó thús na seascaidí i leith. Tá ceithre bliana ann ó foilsíodh an cnuasach deireanach leis *Plumaí*.

Is criticeoir é Liam Prút a bhfuil iliomad aistí scríofa aige faoin Direánach, faoi nuashilíocht na Gaeilge agus na Gàidhlig agus faoi Liam Dall Ó hIfeárnáin. Bhí sé ina eagarthóir litríochta ar *Comhar* sna blianta 1996-7.

Creideann sé gur ceart d'fhile na Gaeilge eolas maith a chur ar scoth fhilíocht na Gàidhlig agus nach miste a bheith ag tacar i dteangacha comharsanúla uile bhaile mór na cruinne.

Cáineann sé go neamhbhalbh an meon méféineach bogshásta *laissez-faire* i ngluaiseacht litríochta na Gaeilge trína bhfuil na príomhshaothair phróis (de chuid Uí Ríordáin agus Uí Chadhain) ceilte ar an bpobal óg ó na seachtóidí i leith gan gíoc ná míocs as ár scríbhneoirí!

Tá sé go mór faoi chomaoín ag scríbhneoirí agus muintir Chonamara, ag na Bráithre Críostaí agus sa gairt na Gaeilge a d'fhág a rian go láidir ar shaothrú na teanga, amhail Pádraig Ua Duinnín, Pádraig de Brún, Pádraig Ó Fiannachta, Breandán Ó Doibhlin.

Dán

Bhí fear ann fadó.

File ab ea é -

Dúirt a mháthair leis é:

'File is ea tú!'

Ní raibh aon amhras air ina thaobh.

Chum sé dán

agus ansan chum sé dán eile

agus dán eile;

Chum sé míle dán.

Ansan thug sé faoi deara

nach raibh aon duine ag éisteacht leis.

Dhein sé dán de féin

agus dúirt sé:

'Is é mo dhán é!

Is file mé. Cumaim dánta.'

Ach ní raibh aon duine ag éisteacht leis.

'Cad chuige nach n-éistean

sibh le mo dhán?'

a deir sé leo.

'Cad chuige a n-éistfimis?'

a bhfreagra.

'Tá dánta go leor sa saol againn

agus conas go mb'fhearr

do dhánsa ná dán

aon duine eile againn?

Coinnigh agat féin iad.'

Agus choinnigh;

nó níor choinnigh:

choinnigh sé acusan iad

mar dhánta

agus dúirt sé:

'Ar a laghad ar bith

tig liom a bheith á dteannadh leo

agus á mbodhradh

agus nílim féin balbh.

Is é mo dhán é.

Ní ionann é

agus dán an Ríordánaigh

gur ceapadh

gur airgead a bhí ann

agus gur coinníodh i gcairéal é

ag fanacht le hardú

ar ráta an eibhir

agus na hasfailte.

B'é a dhán é.

B'é a chlochdhán é.

Ach ba bhocht an dán é!'

Seo ábhar óna scríbhneoirí óga a chas le chéile i gCiorcal faoi threoir Ghreg Uí Bhraonáin le linn na scoilbhliana seo caite – agus freisin saothar ó fhilí óga Ghairmscoil na bPiarsach, Ros Muc

Scrúduithe

Máire Áine Ní Mháille, Eanách Mheáin

Lá báistí,
Táim anseo sa rang
Ceaptha a bheith ag foghlaim
Ach níl a fhios agam.
Airím chomh folamh
Is gan amach romham ach leabhair
Scrúduithe ag teacht aníos
'is muidhe, na scoláirí, faoi bhrú
is an oiread sin le foghlaim
de ghlan mheabhair gan leabhar.

Táimse anseo sa rang arís inniu
Ceaptha bheith ag foghlaim
Ach níl fhios agam.
An oiread le déanamh
Gan a dhóthain ama
Ó faraoir géar, nach é am lóin atá ann!

Táimse anseo sa rang arís inniu

Ceaptha bheith ag foghlaim
Agus tá.
Níl ach cúpla seachtain fágtha
Caithfidh mé a bheith réidh in am
Agus beidh.

Staidéar le déanamh
Agus leabhair le léamh
Má dhéanaim é, ba cheart
go mbeinn réidh.

Am

Diarmaid Ó Ceallaigh, Na hAille

Amannta, tógann sé na blianta
Sara gcaitear na soicindithe úd,
Amannta, tógann sé na cianta
Sara mbuaileann an clog ceannscribe.

Ach uaireanta, bíonn an t-am caite
Sara mbíonn seans agat é a chaitheamh
Agus aiféal ort go deo

Gur scaoil tú uait chomh héasca é.

Bíonn an t-am seasta ag imeacht,
Is cuma sciobtha nó mall,
Mar nuair atá sé caite, tá sé caite,
S' ní chaithfear é arís go brách.

Cairde

Máire Treasa Ní Dhúbháin, Leitir Móir

Is daoine as an milliún iad
Daoine iad gur féidir leat
Labhairt leo agus éistíonn leat.
Daoine iad a thugann comhairle
Agus cúnamh duit le linn do shaoil.
Is féidir iad a bheith mar chairde
ón scoil bheag nó ón scoil mhór,
Is b'fhéidir gur namhaid a bhí
iontu ar dtús, ach anois tá sibh
ag féachaint an treo céanna.

Bíonn na daoine seo ann aon
uair atá said uait.
Ag uaireanta brónacha, uaigneacha

nó sona.
Is daoine iad a bhfuil
muinín agat iontu
Atá ionraic agus a deireann leat
Céard atá ceart agus cóir.

Beidh na daoine seo ann
Ar feadh an chuid eile de
Do shaol agus ba cheart
Duit aire a thabhairt dóibh.

Réalta

Bernadette Ní Chonghaile, Ros an Mhí

Réalta beaga, réalta móra
Réalta san oíche sa spéir,
Réalta dathúla, réalta spéisiúla,
Réalta le soilse, ór agus solas gealaigh.
Níl fhios agam céard a dhéanfadh mé
Gan réalta san oíche is mé i mo chodladh go sámh,
Ach nuair a dhúisim ar maidin, tá said imithe is
mé spréachta.

EOLAS DÁINSÉARACH

Eoin de Búrca, Leitir Móir

OSCLAÍODH DORAS AN PHRIOSÚIN DE phreab. Ní raibh súil ar bith ag Gustavo leis seo, agus bhreathnaigh an príosúnach suas go neirbhíseach ar an mbeirt a bhí tar éis teacht isteach. Fir arda dhórcha a bhí iontu agus an chuma orthu nach raibh mórán de stór trócaire acu. "Tar linne" a dúirt an chéad fhear.

D'éirigh an t-eolaí aníos den leaba bheag ina raibh sé ina luí ag smaoineamh. Nuair a dhúisigh sé timpeall cheithre lá ó shin, bhí a chuimhne ar fad imithe, ina phríosúnach sa chillín beag seo. Chaith sé an chuid is mó den am idir sin agus seo ag iarraidh a dhéanamh amach céard a bhí tarla dó.

Shiúil sé amach an doras, an bheirt ghardaí á leanacht. Fad is a bhí sé ag siúl, lean sé air leis an smaoineamh a bhí ag dul trína cheann nuair a chuir an bheirt ghardaí isteach air. Bhí garda eile taobh amuigh dá chillín, ach ní raibh comhrá ar bith eatarthu i gcaitheamh na cheithre lá sin, agus mar sin bhí sé fós sa dorchadas faoin dtimpeallacht ait seo ina raibh sé, rud a bhí ag cur le héifeacht a

aimnéise. Taréis dó dúiseacht ar dtús, ní raibh a ainm fiú ar eolas aige, ach bhí na cuimhní ag teacht arias aige beagán ar bheagán, ach fós bhí an chuid is mó dá chuimhne dórcha, dúnta amach air.

Tar éis nóiméid tháinig sé chomh fada le deireadh an phasáiste. Ní raibh a fhios ag an eolaí ar cheart dó dul ar dheis nó ar chlé. D'fhéach sé taobh thiar de féin go ceisteach, agus bhrúigh duine den bheirt ghardaí i dtreo an phasáiste ar chlé é, leis an oiread sin d'fhórsa gur thit sé síos ar a ghlúine.

Bhí ballaí an phasáiste tirim ach in aineoinn sin bhí boladh tais san áit. Chaith sé cuimhne Ghustavo siar go dtí saoire a bhí caite aige sa Meánmhuir tamall ó shin, agus ar chúis áirithe, bhí eagla ag cur a cosa beaga uaithe istigh ina ghoile. Bhraith sé an frustrachas ag méadú ann mar gheall ar a easpa cuimhne agus d'aon iarracht mhór amháin chaith sé an smaoineamh uaidh.

Faoin am seo bhí sé tagtha go dtí deireadh an phasáiste. Bhí staighre ag dul suas go dtí doras láidir darach agus is suas anseo a chuaigh ceann de na gardaí.

Bhuail sé trí chnag ar an doras, d'fhan sé soicind ina thost, agus ansin cheithre chnag eile. Bhí torann le cloisteáil taobh thiar den doras . . . boltaí á dtarringt siar, agus d'oscail an doras ansin gan

torann ar bith uaidh nuair a chuir an garda a ghualainn ina aghaidh.

Brúdh Gustavo isteach i seomra oscailte spásach ansin. Ní raibh ach duine amháin eile ann, é ina shuí síos os comhair deisce mór. Ba fear beag a bhí ann, gruaig fhionn air. Bhí spéacláirí móra air a d'fhág i gcosúlacht ollaimh é, ach ón lasair a bhí ina shúile, ní mórán de mhúineadh ar bith a bhí air. Chuir sé duine ón tsaoire sin go dtí an meánmhuir i gcuimhne do Ghustavo, ach ní raibh sé in ann aon ainm nó pearsantacht a chuir leis an aghaidh. Shuigh Gustavo síos go neirbhíseach i suíochán agus chuir an duine eile é féin in aithne mar Eyali Bervic. D'fhan an bheirt acu ansin sách fada gan faic le rá ag ceachtar acu.

Go tobann labhair Eyali.

"Tá an t-eolas uainn"

Baineadh stangadh as Gustavo agus ní raibh fhios aige céard ba cheart dó a rá mar fhreagra ar sin. D'fhan sé ina thost, ach spréach an duine eile nuair nach bhfuair sé aon fhreagra.

"Bhí neart ann agat anois chun do chuimhní a chur le chéile arís!" a scread sé. "Cheithre lá! Anois teastaíonn uaim fáil amach conas buama páirticleach a dhéanamh!"

Stán Gustavo air le hiontas. Buama páirticleach!

Caithfidh sé go raibh mo dhuine craiceáilte. Go tobann, tháinig iomhá de féin agus é ag obair i saotharlann isteach ina intinn, ach d'imigh sé chomh sciobtha is a tháinig sé, agus d'fhág sé Gustavo agus fonn air mar a bheadh sé ag iarraidh greim a fháil ar scáilí.

Shín Bervic carnán mór leathanach anonn chuige. Bhí an fhearg imithe de chomh sciobtha is a tháinig sé.

"Breathnaigh tríd seo chun do chuimhne a fháil arais" a dúirt sé.

Thóg Gustavo an chéad bhileog ón mbarr. Sliocht gearrthaa amach as páipéar nuachta a bhí air. Dhiúltaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá inniu go raibh said ag déanamh aon obair ar bhuamaí páirticleacha inniu. Is ag freagairt ráflaí a bhí said a thosaigh nuair a chonaic daoine Gustavo Sanchez, ceann de na saineolaithe is mó a bhfuil taighde déanta aige ar pháirticlé, ag dul isteach in ionad rúnda airm. . .

Chroith sé a chloigeann agus thóg sé an dara ceann. Bhí sé priondáihte ar pháipéar a raibh cuma an-oifigiúil air agus "Rangaithe" stampaithe air i ndúch dearg agus chuile shórt. Léigh Gustavo síos tríd. Bhí sé ag rá go raibh tionscnamh "Réalt Gheal"

Nach aoibhinn a bheith beo ...

Eoghainín Ó hAinmhíre, Indreabhán

Nach aoibhinn a bheith beo nuair atá an ghrian go soiléir

Nuair atá na sléibhte gorma mar phictiúr ar an spéir

Dordán na mbeach mórthimpeall, iad ag bradú póg ón mbláth

Réamhradharc ar na Flaiths, nach orainn atá an t-adh.

Nach aoibhinn a bheith beo nuair atá an fharraige ina báinté,

Beochán gaoithe ar d'aghaidh, leigheas don easláinte

Na capaill bhána ag teacht i dtír go réidh is go mín

Na gasúir ar an gcladach ag rógaireacht is ag spraoi.

Nach aoibhinn a bheith beo nuair atá saoire faighte ón Scoil

Beidh mé ag spaisteoireacht sna sléibhte le mo chairde gan mhoill.

Súgradh is spraoi, siamsa is cluichí, sa mbaile is i gcéin

Saoirse ón dochma is ó na rialacha atá i gcónaí faoi mo dhéin.

Nach aoibhinn a bheith beo nuair atá braillín sneachta ar an talamh

Aimsir chalm, chneasta, chiúin, le bonnán an mhacalla

Bionn na héanlaith ag cuardach beathú i ngach aon áit

Cothaím iad i gcónaí, bionn féasta acu ar an tsráid.

Cuimhním i gcónaí ar na focail a dúirt mo Dhaideo liom fadó

Is álainn le mo chroí é áilleacht an tsaoil seo, ach ní thuigimid é go deo

Timpeallacht, tradisiúin, cultúr is teanga,

duaiseanna an anró

Múnlaith ag ár sinsear ar feadh na mblianta ... nach aoibhinn a bheith beo.

beagnach réidh le tástáil, agus dáta buailte air le seachtain anuas.

"Céard iad seo? Céard atá uaibh?" a d'fhiafraigh sé, an t-iontas le brath go soiléir ina ghlór.

"Nach tusa Gustavo Sanchez?"

"Is mé" a d'fhreagair Gustavo. "Ceapaim" a chuir sé leis sin taréis soicind.

Labhair an duine eile i nglór íseal dáinséarach.

"An gceapann tú gur ag magadh atá mé?" a d'fhiafraigh sé. D'oscail sé ceann de na tarracáin a bhí ina dheasc agus thóg sé gunna beag, a raibh cuma ghránna air, amach as.

"Tá sé seo réidh lena scaoileadh" a dúirt sé sa ghlór chiúin chéanna. "Ar mhaith leat dul ag magadh faoi seo?"

Baineadh preab as Gustavo ansin, ach díreach ag an nóiméad sin thosaigh roinnt dá chuimhní faoin dtionscnamh Réalt Geal ag spré isteach ina intinn.

Bhí sé i saotharlann beag, gan torann ar bith san áit ach torann beag íseal na ríomhairí ag obair go tréan leo féin. Bhí sé ina shuí ag deasc a bhí clúdaithe go hiomlán le gach chuile sórt páipéar, carnáin leabhar agus cupáin fholmha.

Bhí sé ag obair ar bhileog páipéir a bhí clúdaithe le figiúirí beaga.

Go tobann, osclaíodh an doras agus tháinig cuntaí leis isteach.

"Tá an suíomh réidh don tástáil" a dúirt sé. "Ní theastaíonn tada ach na cothromóidí deireanacha sin a bhfuil tú ag obair orthu agus beidh muid réidh."

Ar ais sa seomra bhí an méid seo agus níos mó ag snámh thrí intinn Ghustavo ag an am céanna. Ba chuimhin leis ansin go raibh fadhb aige leis an bpíosa deireanach, fadhb nach raibh sé ag súil léi.

Nuair a bhí sé ag obair sa tsaotharlann bheag phlódaíthe sin, bhí sé cúramach gan aon smaoineamh a dhéanamh ar an úsáid a bhainí as an mbuama pháirticleach. Nach jab é sin don dream míleata. Ach anois, i bhfad ón dtimpeallacht aitheanta sin, bhí sé ag tuiscint nár chóir do rud mar é a theacht ar an saol ar chor ar bith.

Gan choinne, chuir sé an chuma ar féin go raibh sé chun an duine taobh thiar den deasc a ionsaí. Ní raibh Bervic ag súil leis seo in aon chor, agus gan smaoineamh tharring sé ar an truceair. Thit Gustavo go talamh go mall, poll díreach i lár a chroí.

Fuair an t-eolas marfach a bhí aige bás ina theannta.

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondáiile, péintéireacht & fiodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartáil, marcleabhair, gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraí Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Lochá
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595169

*Déanfar freastal ar gach cineál
ócáid, cóisir nó bainis*

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA

AN CHEATHRÚ RUA 091-595116

*Deoch ar do chompórd sa
tSailchuach*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Siopa agus Ósta

Tigh Mhaidhcó

Ros Muc 574121

**Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Físteipeanna Gual • Flo-Gas**

Go n-éirí leis an bPléaráca

Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL

Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd chóisir

Gach eolas ó Ghearóidín Ní Fhoighil

Pacáistí Túrasóireachta i gConamara Thiar

A O I B H N E A S

ag tairiscint 4 lá/3 oíche i gConamara Thiar
le linn Féile Pléaráca 2002

Déardaoin - Domhnach 3-6 Deireadh Fómhair 2002
le lóistín, béilithe, imeachtaí, agus taisteal chuig ionaid.
€199 an duine (ag roinnt)

CEOL, AMHRÁNAIOCHT, DAMHSA AR AN SEAN-NÓS
OISRÍ, SCÉALAÍOCHT, SEOLTÓIREACHT, SIÚLÓIDÍ.

Bróisiúr le fáil ó: Aoibhneas, Ros Muc 091 574 038 nó: 087 966 9868
ríomhphoist: aoibhneasconamara@eircom.net
Clár imeachtaí agus pacáistí speisialtóireachta le fáil.

Tigh Ruairí Ó Conghaile

Inis Oírr, Oileáin Árann

**Teach Ósta
Siopa
Lóistín B&B**

Fón: 099-75002 - 75074

Óst na nOileán

– TIGH LEE –

Leitir Mealláin 551161

**Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine**

Go n-éirí leis an bPléaráca

bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíocha atá agat, tá réimse leathan de roghain ag Banc na hÉireann duit.

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, fón: (091) 524555.

Nó, dean teagmháil le Banking 365 ag 1890 365 365 nó tug cuairt ar www.bankofireland.ie

as do chuid airgid

Terms & Conditions Apply.
Bank of Ireland is licensed by the Central Bank of Ireland.

Banc na hÉireann



Cumasc Teo

Páirtíocht Chonamara agus Árann

Ionad Fiontair, Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-574353/574038

Facs: 091-574047

Ríomhphost: cumas@eircom.net

**Díríonn Cumasc Teo. a chuid
acmhainní agus fuinnimh tré
deiseanna forbartha a chruthú
do na daoine is mó atá fágtha ar
an imeall ionas go mbeidh siad
páirteach i sochaí atá cóir,
rannpháirteach agus
inmharthanach.**



Déan teagmháil linn



Nioclás P. Ó Conchúir

Leitir Mór

Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA
CRUA-EARRAÍ

**PLUIMÉIREACHT • ADHMAD
EARRAÍ LEICTREACH • PÉINT**

1245 AD

Donal óg Mac Con Iomaire, Casla

Phioc an saighdiúir suas píosa eile adhmaid. Seachas an solas geal oráiste a tháinig ón tine, is beag eile a bhí le feiceáil thríd dorchadas na hoíche i lár na coille. D'fhéach an saighdiúir ar an bpíosa adhmaid ar feadh tamaill sular chaith sé isteach sa tine é. Léim spréachanna dearga suas ón tine ag rince san aer. Bhuail ceann amháin díobh lámh an tsaighdiúra. Ós comhair na bhfear eile, ligfeadh an saighdiúir air nár airigh sé tada, ach anocht chas sé timpeall go sciopaidh ag breith ar a lámh. Bhain sé plaic as a liopa íochtair agus choinnigh sé é fhéin ó a bheith ag eascaine. Amuigh sa gcoill leis fhéin chaith sé a scian go leath taobh. Chonaic sé buicéad uisce ina luí ar chloch ar an taobh eile den tine, shiúil sé siar chuig an mbuicéad agus chaith sé a lámh isteach ann. Bhí sé mí-shásta. Ag suí taobh amuigh de bhallaí an chaisleáin chuala sé torann agus gleo ag teacht ón taobh istigh. Glórtha mná ag gáire agus ag scréachaíl, agus fir ag troid. Agus é fhéin amuigh anseo sa bhfuacht le lámh sáite i mbuicéad uisce. D'fhéach sé ar a lámh arís, bhí boilgín beag dearg ag fás aníos as ach seachas sin bhí sé ceart. Chaith sé a chloigeann siar agus dhún sé a shúile.

Ag seasamh cúpla méadar taobh thiar den saighdiúir sheas an t'ainmhí. Go mall shiúil sé agus é cromtha, ag ardú a chloigeann anois agus arís.

Bhí an saighdiúir ag titim ina chodladh. Thosaigh sé ag éisteach leis an torann a bhí timpeall air. Thosaigh sé ag éisteach leis an anáil a tháinig óna bhéal fhéin. Ag éisteach le glaoch an ulchabháin. Ag éisteach le haghaidh aon rud neamhghnáthach. . . .

Go tobann sheas an saighdiúir suas. Chas sé timpeall díreach chun an mactíre a fheiceáil ag fagáil an talamh agus ag léimt ina threo. Chas an saighdiúir timpeall agus thosaigh sé ag rith. Ar an taobh eile den tine chonaic sé a scian caite sa bpuiteach. Ansin bhuail an mac tíre a dhroim. Leagadh é go talamh, ach d'éirigh sé go tobann arís. Thit an mactíre óna dhroim ach bhain sé plaic as cos

an tsaighdiúra. Lig an saighdiúir amach scread le pian agus uafás. Rith an mac tíre thimpeall ar an tine. Go sciopaidh bhí sé ag seasamh idir an saighdiúir agus an scian. Thosaigh an saighdiúir ag rith ar ais an bealach ar tháinig sé. Sciort an mac tíre idir dá chos an tsaighdiúra agus leag sé é isteach sa tine. Scread an saighdiúir is é ag titim, ag aireachtáil a chraiceann ag dó is ag leá. Ní raibh sé in ann tada a fheiceáil. Chraith sé a lámha ag caitheamh spréachanna suas ón tine a thosaigh ag rince san aer. Tharraing an mactíre amach as an tine é. Thosaigh sé ag siúl timpeall an tsaighdiúra. Ansin le cos an tsaighdiúra ina bhéal aige tharraing sé an corp isteach san gcoill leis.

Bhí ceo ag éirí chomh maith leis an ngrian ag 6 a chlog an mhaidin dár gcionn. Ag siúl thríd na crainnte bhí an seanfhear, Nanór. Seachtú haon a bhí sé, níor chuir sé as do dhuine ar bith agus níor chuir siad as dhó. Duine ciúin, ar ndóigh, bíonn ceann i ngach baile. An mhaidin seo, dhúisigh sé suas agus d'imigh sé amach ar shiúlóid beag. Taobh thiar dhó, i bhfolach taobh thiar de phluid de crainnte, chuala sé na saighdiúirí ag screadaíl is iad ag traenáil. Chuir sé i gcuimhne a óige dhó. Tháinig deora lena shúile. Chuir sé a lámh isteach ina phóca. Chas sé a mhéaracha tanaí timpeall ar an bpíosa beag miotail. Ag féachaint suas ar na flaithis rinne sé paidir gan torann ar bith a ligint as a bhéal. Leath bealaigh thríd stop sé. Os a chomhair chonaic sé spota dubh sa talamh agus deatach dubh ag éirí as. Thosaigh sé ag siúl ina threo nuair a bhuail a chos rud éigin. D'fhéach sé síos, sa bpuiteach luí scian mhór fhada. . . 'Táim cinnte dhó!' a dúirt Vajaka. Ar an taobh eile den bhord shuigh an rí go mí-chompórdach. Chas an chuid eile den gcoiste a gcloigne i dtreo an rí. Ina chathaoir dhá oiread ró-mhór dhó shuigh an rí suas díreach. Chuile uair a chas sé a chloigeann thosaigh a choróin a bhí dhá oiread ró-bheag dhó ag sciortadh anuas taobh a chloiginn.

'Mar sin, ní cheapaim go bhfuil mórán rogha againn.

'Beidh mé ag labhairt leis an arm i gceann uair a chloig.' a dúirt Vajaka is é ina sheasamh ch ag léamh céard a bhí le feiceáil ar éadain a chéile. Thit an rí siar ina chathaoir arís. Chuir sé a mhéaracha suas go dtí a shúile. Lig sé osna mhór as. Nuair a d'oscail sé a shúile arís chonaic sé Vajaka agus an coiste ag féachaint díreach air. Dhún sé a shúile arís, ag súil an chéad uair eile a d'osclódh sé iad go mbeadh chuile dhuine imithe. D'oscail sé arís iad agus bhí fear nua sa seomra ag féachaint air.

'Tá brón orm cur isteach ort, a mháistir, ach tá ábhar tábhachtach agam le labhairt leat faoi.'

Taobh amuigh den doras sheas Nanór go ciúin ag éisteach leis an gcomhrá a bhí ag tarlú taobh istigh sa seomra. D'fhéach na cailíní aimsire air go h-aisteach is iad ag siúl amach is isteach óna mílte seomraí a rith thríd an gcaisleán. Bhí sé ag déanamh an t'éadan aisteach céanna ar ais leo nuair a ghlaigh siad air teacht isteach sa seomra. Chomh luath is a bhí sé istigh agus a chonaic sé an rí, chrom sé síos ar a ghlúine. Sheas an fear in aice le Nanór.

'Seo é an fear a fuair an corp' a dúirt an fear. 'Deir sé gur Nanór an t'ainm atá air. . . Seas Suas!' agus bhuail sé cloigeann Nanór is é fós ar a ghlúine. Sheas sé suas ar an bpointe. D'fhéach an rí díreach

isteach ina shúile. D'fhéach Nanór ar ais air. Bhí tamall de chiúneas ann. Ansin bhuail an fear Nanór sa droim "Labhair, a phleota!" Bhrúigh Nanór a liopaí le chéile agus thosaigh sé ag caint.

'Bhuel, ar maidin inniú bhí mé amuigh ar shiúlóid mar a théim anois agus arís. . . '

'Inis céard a fuair tú!' a scread an fear isteach ina chluas. D'fhéach an rí ar an saighdiúir a bhí ina sheasamh taobh thiar de Nanór agus sméid sé a cheann. Shiúil an saighdiúir suas ag an bhfear agus chroch sé amach as an seomra é. Scread sé agus chiceáil sé an bealach ar fad amach ar nós páiste óg. D'fhéach Nanór amach an doras ar feadh cúpla soicind ansin thosaigh sé ar an scéal arís.

'Mar a bhí mé ag rá, bhí mé amuigh ag siúl agus fuair mé scian, agus ansin cúpla slat ón scian bhí corp mo gharmhac dóite. . . ' Thosaigh Vajaka ag fágáil an tseomra 'Saighdiúir a bhí ann.' Stop Vajaka ag an doras. Chas sé timpeall agus thosaigh sé ag siúl ar ais chuig a shuíochán ag féachaint ar a chosa. 'Bhí mac tíre fós ag ithe a chos. . . ' stop Nanór. Shloig sé. . . em, díreach cheap mé gur cheart go mbeadh tú ar an eolas. Fágfaidh mé thú anois' Ach nór fhág sé. D'fhan sé sa seomra. Deora beaga ag rith síos ar a leiceann.

"Dúirt mé leat, tá cogadh ag teacht. Aréir tháinig siad i lár na hoíche agus mharaigh siad duine dá

gcuid fir. Caithfidh muid troid chomh luath agus is féidir" a bhéic Vajaka go hard, is é ag bualadh an bhoird lena lámh. Léim Nanór siar an t-am céanna a léim na cupáin ón mbord. "Amárach, beidh na fir réidh, amárach. Beidh muid i RosakStuonn roimh an mhaidin dár gcionn." Thosaigh Vajaka ag gáire leis fhéin "Beidh muid in ann an caisleán a ionsaí agus ní bheidh siad ag súil le tada".

"Ceart go leor' a dúirt an rí, Go raibh maith agat... Nanór nach ea?"

'Sea, ach ní cheapainn gur gnáthdhuine ná saighdiúir a rinne é seo le mo gharmhac." Stop Vajaka ag gáire ar an bpointe agus d'fhéach sé go feargach ar Nanór. "Agus céard go díreach a cheapann tú a tharla, is dócha go bhfuair an mac tíre é?" Thosaigh sé ag gáire, agus chas sé go dtí an coiste. Thosaigh siadsan ag gáire freisin, ach bhí faitíos roimh Vajaka le feiceáil ina súile.

"I ndáiríre -" a dfhreagair Nanór. Thosaigh Vajaka ag gáire arís.

"Tá scéal ann" a dúirt an rí go ciúin "go raibh fear ann na céadta bliain ó shin. Bhain sé leis an gcaisleán seo. Bhí muid i gcogadh, ag an am. Is spaire a bhí ann ach ní raibh a fhios againn tada faoi. Ach ar aon nós seo mar a théann an scéal. Lá amháin nuair a bhí an Bhanríon ina codladh, shiúil

sé isteach agus sháigh sé scian ina bolg. Dhúisigh sí sular bhfuair sí bás agus scread sí. Deir siad go raibh deora fola ag teacht óna súile. Mar phionós ar an marú d'athraigh siad an spaire ina mhactíre ar feadh na mílte bliain. Chuir siad faoi ghlas istigh i bpluais é an chuid eile dá shaol'.

"Gabh mo leithscéal anois" a dúirt Vajaka "ach an bhfuil tusa i ndáiríre ag rá liomsa agus an chuid eile againn sa seomra seo gur spiorad fear *duilce* atá sa mac tíre seo. A mháistir níl muid in ár gconaí in am atá lán le síogaí agus taibhsí. Tá cogadh mór ag teacht! Mharaigh siad duine dá gcuid fear cheana féin! An bhfuil tusa chun suí anseo ag súil go gcreidfidh mise scéal seannósach faoi dhraíocht agus amhras...?" Sheas Vajaka suas agus thosaigh sé ag siúl i dtreo an dorais. "Agus céard faoin bpluais seo. *Nach raibh sé faoi ghlas san bpluais seo?*"

"Bíonn muid ag cur fir amach chuile lá ag líonadh pluaiseanna le pléascáin, tá súil againn ór a fháil." a dúirt duine de na fir eile ag an mbord. Chas Vajaka ina threo ag féachaint air lena shúile crua dubha. Shuigh an fear síos go sciopaidh.

". . . b-b-b-bfhéidir. . . "

"Go díreach, B'fhéidir!" Tá muid chun fágáil ar maidin amárach!" Bhreathnaigh sé ar Nanór is é ag fágáil. Chomh luath is a bhí seisean imithe thosaigh

ScríbhNeoirí Óga Ghairmscoil na bPiarsach, Ros Muc

Ár Lá

Sinéad Ní Shúilleabháin, Gairmscoil na bPiarsach

Bhí an lá linn ag deireadh thiar thall,
Agus chuile dhuine ag faire
Ar Ghaillimh is Dhún na nGall.

Bhí na bratacha ag séideadh anonn is anall,
Agus na sluaite cruinnithe timpeall ar an bhfál.

Bhí an seastán chomh lán
Is nach raibh áit ag an mbraon,
Agus an réiteoir fliuch báite
Is gan ann ach leath am.

Ach ba chuma faoi sin
Mar ní raibh ann ach dúshlán
do mhuintir na háite
a bhí taobh thiar den mharún agus bán.

An Fhleadh Ceoil

Pól Ó Súilleabháin, Gairmscoil na bPiarsach

Bhí mé thíos ag an bhfleadh
le haghaidh seachtain mhór cheoil
Na daoine fásta sa phub
ag gáire is ag ól

Bhí mé thíos sna seisiúin
an chuid is mó den am
Ag casadh ríleanna 's point
in éineacht leis an seandream.

Tháinig lá an chomórtais
agus bhailigh slua ann,
Mé féin 's mo ghléas ceoil
ag fáiltiú a raibh ann

Bhain mé sult 's sásamh
as an am a chaith mé ann
Bliain go h-am seo
beidh mé arias arís ann.

An tIasc

Micheál de Búrca, Gairmscoil na bPiarsach

Thíos ag bun na habhann
I measc na slata glasa
A rug sé ar mo bhaoite
Agus amach as an uisce daite.

Bhí trua agam don chréatúr
Nach raibh ach fad mo bhoise
A chraiceann ag lonrú
Faoi sholas na gréine

Lig mé leis an mbeithíoch
Agus as go brách leis
Ar nós na gaoithe
A d'imigh an créatúr beag leis.

Brú

Kevin Seoighe, Gairmscoil na bPiarsach

Staidéar, Staidéar
sin a ndéanaim
Ag fáil réidh do na scrúdaithe atá ag druidim
Brú mór orm
ó dhubh go dubh
An t-eolas á bhailiú
Is á chur i mo phluic.

Tá jab mór agam
Mar, tá brú ó mo mham,
Torthaí maithe
Is gan cliú agam!

Ard chúrsa
Gnáthchúrsa
Is cuma liom
Saoire an tSamhraidh
sin a bhfuil uaim.

an coiste ag fágáil chomh maith. Ní raibh focal astu riamh.

"Bheul . . . um. Ba cheart dhomsa fágáil." a dúirt Nanór go tobann. D'fhéach an rí suas air. Chonaic sé go raibh sé neirbhíseach agus mí-chompordach.

"Suigh síos anseo ós mo chomhair." a dúirt an rí, agus shuigh Nanór síos "Anois inis dom faoi maidin inniu." a d'iarr sé. Bhí an rí fágtha leis fhéin anois le Nanór.

"Gabh mo leithscéal?" a d'fhreagair Nanór. Ach bhí a fhios go maith aige céard a bhí i gceist ag an rí. "Inis dom faoi céard a tharla maidin inniu. Tá tú ag coinnéail rud eicint uainn." D'fhéach Nanór síos ar a chuid cosa nochtaithe.

"An mac tíre.. ní hé seo an chéad uair a chonaic mé é." D'fhéach Nanór suas ar an rí ar feadh soicind ach d'fhéach sé síos arís go tobann. "Is cuimhin leat, timpeall 30 bliain ó shin bhí do dhearthair fhéin san arm".

"Tá fhios agam, Go ndéana Dia trócaire air."

'Sea, bhuel dúradar leatsa gur bádh in abhainn é, ach ní shin a tharla do Nítriam bocht." Chas an rí ina shuíochán go míchompórdach. 'Bhí mé fhéin agus é fhéin an-ghar. D'inis muid chuile rud dá chéile. Bhuel, lá amháin bhí muid ag luí ar bhrúach na habhann. Níl a fhios agam céard a bhí an chuid is mó dena leids a dhéanamh ach ní raibh tada ag

tarlú na laethanta sin, agus is ag pleidhcíocht is mó a bhí muid. Cibé chaoi a tharla sé ar aon nós, thosaigh muid ag brú in aghaidh a chéile. Faoi dheireadh phioc na leids Nítriam suas agus iad ag gáire. Chomh luath is a bhuaile a chorp an uisce bhí a fhios agam go raibh rud eicint mí-cheart. Rith na leids leo ag gáire, ach d'fhan mise ansin, ar fhaitíos gur theastaigh cúnamh uaidh teacht amach as an uisce. Ach níor tháinig a chorp suas riamh. Go tobann d'athraigh dath an uisce go dearg. Thosaigh mé ag tógáil céim amháin siar nuair a léim an mac tíre amach as an uisce le fuil dearg le feiceáil timpeall ar a smut. Gan smaoineamh tharraing mé amach mo scian agus ghearr mé líne trasna a éadan. Lig sé béic as agus las a shúile buí sular rith sé leis. Chuaigh mé siar chuig an uisce ach ní raibh tada fágtha seachas píosaí feola a bhí ag snámh ar bharr an uisce.'

Bhuir Nanór a lámh isteach ina phóca. Amach as tharraing sé crois mhiotail. Chas sé timpeall an chrois agus ar a chúl chonaic an rí an t'ainm "Nítriam" scríofa. "Ainm mo chomrádaí." Shuigh an rí siar. "Ar maidin inniu chomh luath is a chonaic mé an mac tíre thug mé faoi deara scríob mór trasna a éadán." Chuir sé an chrois ar ais ina phóca agus thóg sé fainne beag

amach ina áit. "Mharaigh sé mo ghar mhac mar gheall gur cheap sé gur ceann de mhuintir an rí a bhí ann. Thug do dheartháir é seo dhomsa. Fainne ríochas. Ghlac do dheartháir mise mar a dheartháir féin. Timpeall coicís ó shin thug mise an fainne do mo gharmhac." Tháinig meanga gáire beag brónach ar Nanór. "Chun an t'ádh a chuir air..." Chaith Nanór an fainne síos ar an mbord. "Ná tóg focal mo dhuine thall. Tá níos mó contúirt ag baint leis an mac tíre seo ná mar a cheapann tú."

Taobh amuigh den doras sheas Vajaka in aghaidh an bhalla. Go ciúin d'éirigh sé agus thosaigh sé siúl síos an phasáiste.

Sheas na saighdiúirí le chéile ós comhair an chaisleáin. Ag suí ar bharr cnoic, bhí Nanór. D'fhéach sé anuas orthu. Ar nós pláta mór miotail a sheas siad. Bhí loinnir bán an airgid ag scalladh nuair a thit an bháisteach anuas ar an arm miotail. Labhair na saighdiúirí le chéile go hard. Sheas Vajaka ós comhair na saighdiúirí. D'ardaigh sé a lámh agus ar an bpointe stop an sioscadh.

"A dhaoine uaisle, tá a fhios agaibh cén fáth an bhfuil sibh anseo inniu. Ní cheapaim go bhfuil orainn dul isteach sa scéal níos doimhne. Tá súil againn a bheith taobh amuigh de chaisleán RosakStuonn ar maidin amárach. Anois, tá a fhios agam go bhfuil faitíos ar chuid agaibh. Tá scéalta

cloiste againn uilig ar cé chomh láidir is atá arm RosakStuonn. Ach arú inné mharaigh siad duine dár saighdiúirí fhéin." Thosaigh na saighdiúirí ag labhairt le chéile arís. Is léir gurb é seo an chéad uair a chuala siadsan an scéal seo. Chroch Vajaka a lámh arís. "-agus sin é an fáth a bhfuil muid anseo inniu. Tá muid leis an lámh in uachtar a fháil orthu! Agus NÍL, a mhac, níl seans acu!" Scread na saighdiúirí agus chroch siad a sceanna san aer. Ar nós leaba déanta de tháirní d'fhan siad san áit a raibh siad ina seasamh. Go tobann d'oscail geata an chaisleáin. Amach as tháinig carr agus capall. Stop sé ós comhair na saighdiúirí. Shiúil Vajaka go leath taobh agus d'oscail doras an chairr. Tháinig an rí amach as. Thríd an bpuiteach bhog, tharraing sé a chosa ina dhiaidh le gach céim. Sheas sé ós comhair na saighdiúirí san áit céanna a sheas Vajaka. Bhí gach rud ciúin agus sheas na saighdiúirí suas díreach.

D'oscail an rí a bhéal chun labhairt nuair a léim scamail liath amach as an gceo. Anuas ar bharr an Rí a chuaigh sé. Thit an rí ar a bholg agus caitheadh suas píosaí beaga puitigh san aer. Fós ag seasamh ar dhroim an rí chrom an mac tíre a chloigeann agus bhain sé plaic as muineál an rí. Chuala na saighdiúirí uilig an torann ar nós píosa de chrann ag briseadh nuair a dhún an mac tíre a bhéal. Go tobann bhí siad ag rith i ngach treo. Tharraing cuid

ScribhNeoirí Óga Chairmscoil na bPiarsach, Ros Muc

An Geimhreadh

Caroline Nic an Iomaire, Chairmscoil na bPiarsach

Sneachta, sioc agus ceo
anseo sa nGort Mór
Is mé ag féachaint amach
an fhuinneog agus an múinteoir
ag gleo.

Laethanta fuara
Trathnónta gearra
Tinte lasta
Soilse múchta

Báisteach sa spéir
Is toirneach san aer
Beithigh ag búireach
Is caoire ag méileach
Lasracháí ag druidim
Le bun na spéire
Mise ag tnúth
Le laethanta gréine.

Thar Sáile

Ann Marie Ní Dhroighneáin, Chairmscoil na bPiarsach

Shuigh mé síos cois na tine
Mo chloigeann fúm
Is mé ag smaoineamh ar an saol atá
Imithe romham
An chraic is an gháire a bhí againn
le chéile
Mise liom féin is tusa le'd chéile.

Laethanta breátha a chaith
muid in éindigh,
Thíos cois trá
Ag magadh 's ag caint
Faoi mhuintir an tSléibhe.

D'imigh sibh libh is d'fhága
liom féin mé,
gan litir,
gan glaoch,
gan focal ariamh uaibh.

Ach breathnaigh anois mé,
Anseo liom féin
Anseo cois tine, gan cara,
Gan céile.

Seán Ó Mainín

Mairéad Ní Mhainín, Chairmscoil na bPiarsach

Bhí fear ann fadó
A bhí chomh láidir le tarbh
É ag damhsa sa bhfáinne
I Madison Square Garden
Buile amháin 's buile eile
Cloigín imithe, troid eile.

Trunks Rosmuc
Glas agus Bán
Miotógaí dearga agus bróga bána
Clóca mór anuas ar a cheann
Rúille búille ag a chlann.

Muintir Chonamara's muintir Rosmuc
ag fanacht go foighdeach
le bualadh an chloig,
Bhí Maidhc agus Paddy
istigh sa gcúinne
ag doirteadh uisce agus maraithe ag guidhe
Ag brostú leo don chéad round eile!

Fear as Rosmuc
nach fachtas cheana
a throid le croí 's anam
do mhuintir an bhaile.

Fáilte chroíúil, le tinte mhóra
Crosbhóthar Chill Bhriocáin
'S ceann bhóthar Chasla,
Na scórtha daoine
lán le bród 's mórtas
don fhear mhór mhisniúil
a chuir
Rosmuc ar an mapa.



Ceardlann an Spidéil: Fiche Bliain ag Fás



Breathnaíonn Gearóid Ó Murchú ar fhás agus fhorbairt Cheardlann an Spidéil thar na mblianta

Is mar gheall ar fhís a bhí ag an ealaíontóir Jesus Modia as Galicia na Spáinne, go bhfuil Cheardlann an Spidéil ann sa lá atá inniu ann. Bhí Jesus ag cur faoi sa Spidéil le tamall de bhlianta agus stiúideo ealaíona aige ar an gCnocán Glas.

Thug sé faoi deara go raibh



roinnt mhaith ceardaithe agus ealaíontóirí ag saothrú leo sa gceantar, gan aon áit cheart oibre acu, ach ag obair ó shean gharáistí nó go minic ó chisteannach an tí, agus chomh maith leis sin, nach raibh áit ar bith acu lena gcuid saothair a chur ar taispeáint.

Sé'n fís a bhí ag Jesus, ionad oibre a thógáil, áit a mbeadh na ceardaithe agus ealaíontóirí in ann oibriú ar aon láthair amháin agus comhoibriú le chéile ó thaobh margaíochta agus díolacháin.

Phléigh sé an smaoineamh le hÚdarás na Gaeltachta agus bhí an tÚdarás tógtha go maith leis. Ní raibh cúrsaí fostaíochta sa gceantar chomh bisiúil ag an am is atá anois agus bhí dóchas mór ann don lámhcheardaíocht.

Tharla go raibh gabháil talún acu ar imeall shráidbhaile an Spidéil agus ceisteanna faoi cén úsáid ar cheart a bhaint as - díreach an áit don chineál tionscnaimh a bhí ar intinn ag Modia.

Buailte le bóthar Chois Fharraige agus an trá, ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe, an Bhoir-eann agus Oileáin Árann. Cá bhfaighfeá suíomh níos feiliúnaí.

Cuireadh "na tithe beaga" dhá dtógáil, coimpléacs beag aonaid ar stíl traidisiúnta deartha ag an ailtire Simon Kelly. D'aistrigh an chéad grúpa tionóntaithe isteach sa mbliain 1983. Ba é Jesus Modia féin an chéad duine istigh leis an Dánlann Cloiche Ealaíona, áit a reachtáil sé thar na blianta, taispeántais ó chuid de na healaíontóirí is clúití sa tír. Bhí Jesus ag plé le dealbhadóireacht freisin agus thraenáil sé roinnt de fhir óga an cheantair in obair chloiche.

Na ceardaithe eile a bhí ann ag an tús ná Máire Ní Thaidhg agus Lelia Ní Chathmhaoil, fiódóirí; Erica Hoadly agus Rob D'Eath, potadóirí; Susan Keogh agus Proinsias Ó Cuinneagáin cniotáilíthe; Barry Hurley, bláthcheardaíocht faoin ainm Róisín Chonamara; Gearóid agus



Jesus Modia (thuas) agus Máire Ní Thaidhg (ar dheis)

Mandy Ó Murchú, síodchlódóirí ag plé le t-léinte agus earraí Gaeilge agus Rick Epping a bhí ag déanamh agus ag deisiú boscaí ceoil.

Ceardlann An Spidéil an tainm oifigiúil a baisteadh ar an ionad ceardaíochta, ach "na tithe beaga" a bhí ag muintir na háite orthu ón tús, agus ba é an mór-dhifríocht a bhí idir an Cheardlann agus gnáth shiopaí ceardaíochta ná go bhféadfá breathnú ar na ceardaithe agus iad i mbun a gcuid oibre agus earraí a cheannach go díreach uathu féin. Chuir sé seo go mór le spéisiúlacht na Ceardlainne do chuairoteoirí agus do na daoine áitiúla.

Níos deireanaí cuireadh cúpla aonad breise leis an ionad agus chuaigh an chom-lacht seodóireachta Galway Gold chun oibre iontu seo.

Ní raibh ach rud amháin eile ag teastáil san áit anois - caifé nó bialann, áit a bhféadfadh an cuairteoir cupán tae nó caifé a ól, scíth a ligean agus cinneadh a dhéanamh ar chóir nó nár chóir an píosa speisialta ceardaíochta nó ealaíne a cheannach. Osclaíodh caifé ar an láthair thart ar 1988 agus is fíor a rá gur chuir



sé go mór le tarraingteacht na Ceardlainne. Tá an bhialann anois á rith go cumasach ag Jackie Ní Fhlatharta agus tá ard-mheas ar fud an cheantair ar an mbia bhreá fholláin a chuirtear ar fáil i mBistró Jackie.

Mí-ámharach go leor, caill-eadh Jesus Modia sa mbliain 1986 agus gan go leor de dhul chun cinn na Ceardlainne feicthe aige. Bhí gailearaí ealaíona faoi úinéirí éagsúla ar an láthair go dtí an bhliain seo caite. Tamall de bhlianta ó shin nochtadh cloch chuimneacháin do Jesus Modia taobh amuigh den áit a mbíodh An Dánlann Cloiche.



D'imigh ceardaithe eile thar na blianta agus tháinig dream nua ina n-áit, agus tá An Cheardlann fós ag tarraingt na sluaite cuairteoirí, go háirithe in ardshéasúr an tsamhraidh. Ach ní do thurasóirí amháin An Cheardlann. Is áis iontach do mhuintir an cheantair í chomh maith. Tuigeann muintir na Ceardlainne gur minic a bhíonn drogall ar mhuintir na háite bualadh isteach go dtí na haonaid éagsúla, go háirithe sa ngeimhreadh nuair a bhíonn dóirse druidte ach níl aon ghá leis seo mar go gcuirfear fáilte romhat in aon cheann de na haonaid ag am ar bith agus ní gá go mbeadh tú ag ceannacht.

Go deimhin féin, tugann go leor de mhuintir na háite antaíocht don Cheardlann agus is iomaí bronntanas Nollag agus bronntanas

pósadh a cheannaítear ann, mar go dtuigeann said go mbeidh táirge speisialta ardchaighdeán acu a bhaineann leis an gceantar.

Ar ndóigh gan Údaras na Gaeltachta ní bheadh Ceardlann an Spidéil ann ón gcéad lá agus tá tacaíocht láidir tugtha ag An Údarás do na ceardaithe thar na mblianta.

Is minic freisin ard-mholadh tugtha don suíomh as an gcaighdeán ard chothabhála a choinnítear léi, a bhuíochas sin ag dul don Údarás agus don gharraíodóir iontach atá acu, Séan Ó Flatharta.

Agus céard faoin gCeardlann sa lá atá inniu ann? Deirtear nach raibh réimse chomh leathan nó caighdeán chomh hard ceard-aíochta ar fáil sa gCeardlann is atá i láthair na huaire. Ach cé go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta na tíre i bhfad níos fearr anois ná mar a bhí nuair a bunaíodh

Ceardlann an Spidéil, níl cúrsaí éasca ag na ceardaithe. Tá roinnt séasúir dhona turasóireachta curtha dinn againn le tamall de bhlianta, rud a d'fhág ar an ngannchuid aon dream atá ag brath go mór ar chuairteoirí. Ach chomh maith leis sin tá costais ardaithe go mór, go speisialta árachas, cíos agus pá, agus ciallaíonn seo go bhfuil sé sách deacair ag ceardaithe beaga

coinneáil ag imeacht. Cheana féin i mbliana tá fógraithe ag ceardaithe amháin go gcaithfidh sí imeacht, a bhuíochas d'ardaithe costais.

Faoi láthair tá plan á ullmhú ag comhairleoir neamhspleách d'fhorbairt na Ceardlainne mar áis thurasóireachta agus mar áis don phobal.

Le cúnamh Dé an bhliain seo chugainn feicfidh muid tús an 'fiche bliain faoi bhláth'.

Na ceardaithe atá i gCeardlann an Spidéil faoi láthair

Ealaíontóir: Geraldine O'Rourke
Déantús bodhrán agus feadóga móra: Vignoles
Seodóireacht Boinn Ceilteacha: Eric Byrne
Fíodóireacht: Máire Ní Thaidhg
An Spailpín Fánach: Gearóid Ó Murchú
Potadóireacht: Robin D'Eath
Deileadóir Adhmad: Liam O'Neill
Obair Leathair: Dave McCarthy
Déantús Coinnle: Nicholas Conway
Bialann: Bistró Jackie



mfg teo

CLÁR NÁISIÚNTA FORBARTHA TUAITHE

Tacaíocht d'fhorbairt Tuaithe

Eolas & Cúnamh ó MFG Teo:
Gearóid Ó Cosgora
Meitheal Forbartha na Gaeltachta
Oifig Chonnacht agus na Mí
Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593410
Faics: 091-593728
mfggaillimh@eircom.net

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe
Éadathóireacht



Taisteal na Cruinne

Aonad 4
An Spidéil
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-553149/504997 Facs: 091-553289
www.tnc.ie
coleman@tnacws1mail.com



Seanóirí Ros Muc ar thuras lae le linn an tsamhraidh seo caite

Grianghraf: Meta Uí Mháille



Litir ó Sydney

Tá Sibéal Ní Mháille agus a cairde i Sydney na hAstráile. Breathnaíonn sé go bhfuil siad ag baint an-spraoi as...

Tá súil againn go bhfuil sibh ar fad go maith sa mbaile. Tá muid ar fad togha ar an mbaile beag Gaelach seo - Bondi. Bíonn muid ar fad ag obair go crua i rith na seachtaine agus bíonn neart spraoi agus spóirt againn ag an deireadh seachtaine. Tá an Geimhreadh thart agus tá an teas mór ar an mbealach. Tá muid buailte ar an trá anseo timpeall chúig nóiméad siúil. Cheannaigh Gearóid carr ach bíonn Breandán bocht maraithé á brú. Fuair muid ar fad teach le chéile ach bíonn sé cosúil le *minefield* scaití leis an méid a bhíonn ina gcodladh ar an urlár. Tá muid breá sásta ann agus bíonn an citeal thíos i gcónaí. Déanann muid corrchaca donn ach ta sé deacair sóidí a fháil. Sa teach faoi láthair tá leaid as an Baile Bán i nGaillimh, Stiofán Hardiman; cailín as Baile Átha Cliath, Ellen Skutrut; Muireann Ní Nia, iníon Mhattie Cevan as Snámh Bó; Gearóid Ó Confhaoila, mac Joe Cis as Gairfeann; Breandán Ó Níaidh, mac le Dudley Mháirtín Dharach as Camus; Caroline Ní Níaidh, iníon le Michael Phádraig Chóilín as an Turloch, agus mé féin, Sibéal Ní Mháille, iníon Mhichaelín Phete Taimín as an nGabhlán, Doire Iorrais.

Rinne muid dinnéar mór an oíche cheana agus thug muid cuireadh do chairde eile linn as Tiobraid Árann, Luimneach agus Gaillimh a bhfuil cónaí orthu síos an bóthar uainn. Is as Dúrlas, Claire Ní Chinnéide, tá sí anseo le dhá bhliain. Is as Garraí Eoin é Kevin Creed agus tá seisean anseo le cheithre bliana. Beidh sé ag dul abhaile go gairid. Is as Áth Eascrach é Éamon Donnellan atá anseo le dhá bhliain. Is cairde iad le mo dheartháir Tomás atá anseo le gar do cheithre bliana. Bhí orthu ar fad cathaoir a thabhairt leo mar tá




Muireann Ní Níaidh, Sibéal Ní Mháille, Tomás Ó Máille agus Kevin Creed ag baint sult as an saol i Sydney

siad cineál gann san teach sin againne. Bhí *party* beag againn sula dtabharfaidh mé féin agus Muireann ár n-aghaidh suas an cósta ar feadh roinnt seachtainí. Beidh muid ag fágáil Dé Máirt an 17 Meán Fómhair agus ag caitheamh an chéad oíche agus lá nó dhó i Port McQuarry agus as sin go Byron Bay. Ní mholann duine ar bith a bhí i Byron Bay an áit ach ní théann aon duine an bealach nach stopann ann mar sin féin. Feicfidh muid céard a bheas le rá againne faoi. Níl sé i gceist againn ach fanacht lá agus oíche ann ar aon nós. As sin tá muid ag dul go Whitsunday Islands ina gcaithfidh muid an chuid is mó de sheachtain ag seoltóireacht. Fanfaidh muid ar an mbád thar oíche. Má bhíonn muid beo tar éis tinneas na farraige srl. leanfaidh muid linn suas go Cairns. Tá sé i gceist againn roinnt ama a chaitheamh ansin agus lá a chaitheamh amuigh ar an Great Barrier Reef - mar chuala muid ó Caroline go bhfuil go leor le

déanamh anseo. Tá súil againn triail a bhaint as *whitewater rafting* sula bhfágfaidh muid le dul go Cape Tribulation an áit a shíneann an fhoraois bháistí go bruach an Great Barrier Reef. Tá muid ag tnúth go mór leis an turas. Is ar bhus a dhéanfaidh muid an turas suas agus is i mbrú a fhanfaidh muid. Beidh muid ag fáil eitilt ar ais go Sydney. Tá súil againn go seasfaidh an t-airgead.

Tá fear eile anseo, Brian Higgins as an Sraith Salach. Chuaigh sé abhaile le gairid ar feadh cúpla seachtain. Bhí muid ar fad ag fanacht leis a theacht ar ais mar bhí geallta aige *blast rashers* agus *sausages* a thabhairt ar ais leis. Níl caoi ar bith ar na *sausages* anseo, ach an fear bocht ba daor na *rashers* air iad. Baineadh uaidh san aerfort iad agus cuireadh fíneáil air. Caithfidh muid fanacht anois go rachaidh muid abhaile le bricfeasta ceart a fháil. Bhí Linda agus Thomas Mhichael Phádraig Chóilín as an Turloch anseo ar



Brian Higgins, Muireann Ní Níaidh agus Breandán Ó Níaidh

feadh cúpla seachtain saoire. Thug siad tae, seacláidí agus *crisps* amach againn. Ní bhíonn an blas céanna ar na rudaí sin anseo. Ní raibh siadsan i bhfad linn mar chuaigh Caroline agus iad féin ag taisteal ar feadh coicíse. Tháinig Cormac Tom Mhichael Sheáin Phaddy agus Catherine Gerald Chóilín Pheadair an lá cheana tar éis seachtain a chaitheamh sa Téalainn ar an mbealach. Bhí bosca mór tae ag teacht acu féin. Cupla lá ina dhiaidh sin tháinig iníon le Michael Nan Uí Ghríofa as Snámh Bó, Crissie agus cara léi as Londain. Chuala muid go bhfuil Christy Finnerty as Gleann Trasna anseo freisin, níor casadh orainn fós é. Tá baile beag anois ag muintir Chonamara anseo.

Is cathair álainn í Sydney féin. Tá an oiread sin le déanamh agus le feiceáil inti. Diabhal mórán suntais a thug muid don Opera House ach tugann chuile thurasóir cuairt air. Má fhaigheann tú tinn den chathair is féidir leat aghaidh a thabhairt ar na *Blue Mountains*. Téann go leor amach ansin ag an deireadh seachtaine. Tá Bondi timpeall 20 nóiméad ar an traein as an gcathair. Tá tránna deasa agus páirceanna anseo. Tá fearas cócaireachta sna páirceanna agus ag an deireadh seachtaine i rith an tsamhraidh, is anseo a chaitear go leor ama, ag ithe is ag ól, ag snámh nó ag surfáil - rud atá le foghlaim fós againn. Tá Sydney ar bhrúach na farraige agus dhá bharr tá go leor imeachtaí agus caitheamh aimsire dírithe ar an

bhfarraige. I Darling Harbour tá bialanna, óstáin, músaeim agus bíonn ceol agus seóanna amuigh faoin aer. Ní bheadh tú tuirseach go deo den áit seo ach go bhfuil sé níos daoire ná Bondi. Is cuma cá bhfuil tú tá amharc agat ar an *Harbour Bridge*. Is san oíche is mó suntais an droichead seo. Tá Sydney lán de mhuintir na hÉireann. Ní bheadh uaigneas go brách ort ann. Bíonn na cluichí móra iománaíochta, peile agus sacair á dtaispeáint in áiteanna éagsúla sa gcathair ar scáileáin mhóra agus cruinníonn muid ar fad le chéile. Bhí briseadh croí orainn le linn an *World Cup*. Bíonn an-chraic againn nuair a théann muid ar fad amach le chéile, muid ar fad ag labhairt Ghaeilge. Bíonn daoine ag breathnú aisteach orainn, scaití. Cuireann daoine as áiteanna eile in Éirinn in aithne iad féin dúinn nuair a chloiseann siad muid ag labhairt Gaeilge, go mór mór daoine ó Thuaisceart Éireann. Is iomaí duine a chuir muid aithne orthu de bharr na Gaeilge. Tá an Ghaeilge á labhairt go láidir anseo ag muintir Chonamara, ná bíodh imní oraibh. Ba chruthúnas maith é sin an lá ar labhair bean Shíneach i nGaeilge le Tomás agus le Gerald Phádraic Neain.

Diabhal scéal eile againn anois. An bhfuil tada aisteach ag tarlú ag baile nár inis sibh dúinn? Ar ndóigh beidh Féile an Phléaráca ag tosú go gairid. Ná déanfadh sibh dearmad cóip den iris agus clár na Féile a sheoladh chugainn agus má bhíonn siad le spáráil, cúpla T-léine. Scríofaídh muid arís go gairid.

Slán go fóill

ó Shibéal, Muireann,
Caroline, Gearóid,
Breandán agus Tomás.

Seanphictiúir ón gCeathrú Rua

Patrick Macale a bhíodh i
mbun an phoist ar an
gCeathrú Rua in éineacht
lena bhean agus a chlann.



(Ó chlé:) *Marcus Macale, Mary Ann
Macale, Teresa Macale, Patrick
Macale.*

*Marcus Macale agus Johnny
Ó Domhnaill as an gCeathrú
Rua*



*Sé Oliver (Pádraig) Macale –
mac le Marcus – a thug na
pictiúir dúinn.*



SÚIL EILE

DRÁMA, SPÓRT, NUACHT
FAISNÉIS, CRAIC AGUS CEOL

BHUR SCÉALTA
BHUR STÁISIÚN
BÍGÍ LINN



SÚIL EILE



pobal



forbairt

teanga



cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>